

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 282



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

31 Deireadh Fómhair 2022

Clár

II *Gníomhartha neamhrechtacha*

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1998 ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim 1

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN
RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1998 ÓN gCOIMISIÚN
an 20 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(1) agus Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, bunaíodh ainmníocht earraí (“Ainmníocht Chomhcheangailte” nó “AC”) chun ceanglais na Comhtharaife Custaim, staidreamh trádála eachtraí an Aontais, agus bheartais eile de chuid an Aontais a bhaineann le hallmhairiú nó onnmhairiú earraí a chomhlíonadh an tráth céanna.
- (2) Ar mhaithe le simpliú na reachtaíochta, is iomchuí an Ainmníocht Chomhcheangailte a nuachóiriú agus a struchtúr a oiriúnú.
- (3) Is gá an AC a leasú chun an laghdú diaidh ar ndiaidh ar rátaí dleachta i gcás táirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú a chur chun feidhme, comhaontú atá i bhfoirm an Dearbhaithe maidir leis an Méadú ar an Trádáil i dTáirgí Teicneolaíochta Faisnéise, mar a cheanglaítear le Cinneadh (AE) 2016/971 ón gComhairle ⁽²⁾.
- (4) Is gá an AC a leasú chun cóid AC na dtáirgí dá dtagraítear in Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/859 ón gCoimisiún ⁽³⁾ a thabhairt isteach.
- (5) Is gá an AC a leasú freisin chun athruithe ar na ceanglais a bhaineann le staidreamh agus le beartas tráchtála agus le forbairtí teicneolaíochta agus tráchtála a chur san áireamh, trí fho-cheannteidl nua a thabhairt isteach chun faireachán ar earraí sonracha a éascú (“péitseoga leathana agus neachtairín” atá faoi Chaibidil 8; “rís” áirithe atá faoi Chaibidil 10; “amhábhair chriticiúla” atá faoi Chaibidil 25, 26, 28 agus 85; táirgí ceimiceáin áirithe (DOTP) atá faoi Chaibidil 29; agus “leaca agus billéid, d’alúmanam” atá faoi Chaibidil 76 den AC).
- (6) Is gá an t-aicmiú a dhéantar ar shubstaintí áirithe sa liosta d’ainmneacha neamhdhílseánacha de shubstaintí cógaisíochta in Iarscríbhinn 3 de Chuid a Trí (Iarscríbhinní Taraife) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 agus sa liosta de tháirgí idirmheánacha cógaisíochta in Iarscríbhinn 6 de Chuid a Trí (Iarscríbhinní Taraife) d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú.
- (7) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, ba cheart leagan iomlán cothrom le dáta den Ainmníocht Chomhcheangailte, mar aon leis na rátaí uathrialacha agus na rátaí caighdeánacha dleachta a eascraíonn as na bearta arna nglacadh ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún a chur in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

⁽¹⁾ IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2016/971 ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016 maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, comhaontú atá i bhfoirm an Dearbhaithe maidir leis an Méadú ar an Trádáil i dTáirgí Teicneolaíochta Faisnéise (IO L 161, 18.6.2016, lch. 2).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/859 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 151, 2.6.2022, lch. 34).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,

Ar son an Uachtaráin,

Gerassimos THOMAS

An tArd-Stiúrthóir

Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim

IARSCRÍBHINN I
AINMNÍOCHT CHOMHCHEANGAILTE

ACHOIMRE

CUID A HAON — RÉAMHFHORÁLACHA

Leathanaigh

ROINN I — RIALACHA GINEARÁLTA

A. RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE LÉIRMHÍNIÚ NA hAINMNÍOCHTA COMHCHEANGAILTE	15
B. RIALACHA GINEARÁLTA A bhAineAnn LE dLEachtAnnA	16
C. RIALACHA GINEARÁLTA IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS AN AINMNÍOCHT AGUS LE dLEachtANna ARAON	17

ROINN II — FORÁLACHA SPEISIALTA

A. EARRAÍ LE HAGHAIDH CATAGÓIRÍ ÁIRITHE LONG, BÁD AGUS SOITHÍ eILE AGUS LE HAGHAIDH ARDÁIN druileála NÓ TÁIRGEACHTA	18
B. AERÁRTHAÍ SIBHIALTA AGUS EARRAÍ A bhfuilteAr leNA N-ÚSÁID IN AERÁRTHAÍ SIBHIALTA	19
C. TÁIRGÍ CÓGAISÍOCHTA	21
D. RÁTA CAIGHDEÁNACH DLEACHTA	22
E. COIMEÁDÁIN AGUS PACÁISTÍOCHT	23
F. CÓIREÁIL FHABHRACH TARAIFE DE BHARR CHINEÁL NA N-EARRAÍ	24
COMHARTHAÍ, GIORRÚCHÁIN AGUS SIOMBAIL	25
AONAIID FHORLÍONTACHA	26

CUID A DÓ — SCEIDEAL NA NDLEACHTANNA CUSTAIM

Caibidlí

Leathanaigh

ROINN I

AINMHITHE BEO; TÁIRGÍ AINMHITHE

1 AINMHITHE BEO	29
2 FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE	34
3 ÉISC AGUS CRUSTAIGH, MOILISC AGUS INVEIRTEABRAIGH UISCEACHA EILE	53
4 TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE	77
5 TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE	91

ROINN II

TÁIRGÍ PLANDÚLA

6 CRAINN BHEO AGUS PLANDAÍ EILE; BLEIBÍNÍ, FRÉAMHACHA AGUS A LEITHÉIDÍ; BLÁTHANNA GEARRTHA AGUS DUILLIÚR ORNÁIDEACH	93
7 GLASRAÍ AGUS FRÉAMHACHA AGUS TIÚBAIR ÁIRITHE ATÁ INITE	96

Caibidlí	Leathanaigh
8 TORTHÁÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHÁÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN	102
9 CAIFE, TAE, MAITÉ AGUS SPÍOSRAÍ	109
10 GRÁNAIGH	112
11 TÁIRGÍ AN TIONSCAIL MHUILLEOIREACHTA; BRAICH; STÁIRSÍ; IONÚILIN; GLÚTAN CRUITHNEACHTA ..	116
12 OLASHÍOLTA AGUS TORTHÁÍ OLÚLA; CINEÁLACHA GRÁIN, SÍOLTA AGUS TORTHÁÍ ILGHNÉITHEACHA; PLANDAÍ TIONSCLAÍOCHA NÓ ÍOCSHLÁINTE; COCHÁN AGUS FARAE	121
13 LEAIC; GUMÁÍ, ROISÍNÍ AGUS SÚNNA PLANDÚLA AGUS ÚISC PHLANDÚLA EILE	126
14 ÁBHAIR FÍOCHÁIN PHLANDÚLA; TÁIRGÍ Ó PHLANDAÍ NACH BHFUIL SONRAITHE NÁ SAN ÁIREAMH IN ÁIT EILE	128

ROINN III

**SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A DTÁIRGÍ
SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA**

15 SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A DTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA PLANDÚLA NÓ AINMHÍOCHA	129
---	-----

ROINN IV

**EARRAÍ BIA ULLMHAITHE; DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR; TOBAC AGUS
IONADAIGH TOBAC MHONARAITHE; TÁIRGÍ, BÍODH NICITÍN IONTU NÓ NÁ BÍODH, ATÁ
BEARTAITHE LENA NIONANÁLÚ GAN DÓCHÁN; TÁIRGÍ EILE A BHFUIL NICITÍN IONTU ATÁ
BEARTAITHE LE NICITÍN A IONTÓGÁIL I GCORP AN DUINE**

16 ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ	139
17 SIÚCRAÍ AGUS MILSEOGRA SIÚCRA	146
18 CÓCÓ AGUS ULLMHÓIDÍ CÓCÓ	151
19 ULLMHÓIDÍ GRÁNACH, PLÚIR, STÁIRSE NÓ BAINNE; TÁIRGÍ CÓCAIRÍ TAOSRÁIN	154
20 ULLMHÓIDÍ GLASRAÍ, TORTHÁÍ, CNÓNNA NÓ CODANNA EILE DE PHLANDAÍ	159
21 ULLMHÓIDÍ INITE ILGHNÉITHEACHA	180
22 DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR	184
23 IARMHAIR AGUS DRAMH Ó NA TIONSCAIL BHIA; FARAE ULLMHAITHE D'AINMHITHE	199
24 TOBAC AGUS IONADAIGH TOBAC MHONARAITHE; TÁIRGÍ, BÍODH NICITÍN IONTU NÓ NÁ BÍODH, ATÁ CEAPTHA LENA NIONANÁLÚ GAN DÓCHÁN; TÁIRGÍ EILE A BHFUIL NICITÍN IONTU ATÁ CEAPTHA LE NICITÍN A IONTÓGÁIL I GCORP AN DUINE	205

ROINN V

TÁIRGÍ MIANRACHA

25 SALANN; SULFAR; ITHREACHA AGUS CLOCHA; ÁBHAIR PHLÁSTRÁLA, AOL AGUS STROIGHIN	208
26 MIANTA, SLAIG AGUS LUAITH	213
27 BREOSLAÍ MIANRACHA, OLAÍ MIANRACHA AGUS TÁIRGÍ DE THORADH A NDRIOGTHA; SUBSTAINTE BIOTÚMANACHA; CÉARACHA MIANRACHA	216

Caibidlí

Leathanaigh

ROINN VI

TÁIRGÍ Ó NA TIONSCAIL CHEIMICEACHA NÓ Ó NA TIONSCAIL GHAOLMHARA

28	CEIMICEÁIN NEAMHORGÁNACHA; COMHDHÚILE ORGÁNACHA NÓ NEAMHORGÁNACHA AS MIOTAIL LÓMHARA, AS MIOTAIL TEARC-CHRÉ, AS DÚILE RADAIGHNÍOMHACHA NÓ AS ISEATÓIP	226
29	CEIMICEÁIN ORGÁNACHA	242
30	TÁIRGÍ CÓGAISÍOCHTA	269
31	LEASACHÁIN	275
32	EASTÓSCÁIN SÚDAIREACHTA NÓ RUAIMNEOIREACHTA; TAINNINÍ AGUS A NDÍORTHAIGH; RUAIMEANNA, LÍOCHA AGUS ÁBHAIR DHATHÚCHÁIN EILE; PÉINTEANNA AGUS VEARNASÍ; PUITI AGUS MAISTEOGA EILE; DÚCHANNA	279
33	BLÁTHOLAÍ AGUS ROISÍNEOIDÍ; ULLMHÓIDÍ CUMHRADÓIREACHTA, COSMAIDEACHA NÓ MAISÍOCHTA	284
34	GALLÚNACH, OIBREÁIN DHROMCHLA-GHNÍOMHACHA ORGÁNACHA, ULLMHÓIDÍ NÍOCHÁIN, ULLMHÓIDÍ BEALAITHE, CÉARACHA SAORGA, CÉARACHA SAINULLMHAITHE, ULLMHÓIDÍ SNASAIREACHTA NÓ SCIÚRACHÁIN, COINLE AGUS EARRAÍ DÁ SAMHAIL, TAOIS MHÚNLÓIREACHTA, 'DÉADCHÉARACHA' AGUS ULLMHÓIDÍ DÉIDLIACHTA AR BHONN PLÁSTAIR	288
35	TÁIRGÍ ALBAIMIONÓIDEACHA; STÁIRSÍ MODHNAITHE; GLIÚNNA; EINSÍMÍ	291
36	PLÉASCÁIN; TÁIRGÍ PIRITEICNIÚLA; LASÁIN; CÓIMHIOTAIL PHIREAFÓRACHA; ULLMHÓIDÍ ÁIRITHE INDÓITE	294
37	EARRAÍ FÓTAGRAFACHA NÓ CINEAMATAGRAFACHA	295
38	TÁIRGÍ CEIMICEACHA ILGHNÉITHEACHA	298

ROINN VII

PLAISTIGH AGUS EARRAÍ DÍOBH; RUBAR AGUS EARRAÍ DÍOBH

39	PLAISTIGH AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA ASTU	310
40	RUBAR AGUS EARRAÍ DÉANTA AS RUBAR	326

ROINN VIII

SEITHÍ AGUS CRAICNE AMHA, LEATHAR, FIONNADHSHEITHÍ AGUS EARRAÍ DÍOBH; DIALLAITEOIREACHT AGUS ÚMACHA; EARRAÍ TAISTIL, MÁLAÍ LÁIMHE AGUS COIMEÁDÁIN CHOMHCHOSÚLA; EARRAÍ DÉANTA AS INNE AINMHITHE (SEACHAS INNE SEIRICEÁN)

41	SEITHÍ AGUS CRAICNE AMHA (SEACHAS CRAICNE FIONNAIDH) AGUS LEATHAR	333
42	EARRAÍ LEATHAIR; DIALLATRA AGUS ÚMACHA; EARRAÍ TAISTIL, MÁLAÍ LÁIMHE AGUS COIMEÁDÁIN DÁ SAMHAIL; EARRAÍ ATÁ DÉANTA D'INNE AINMHÍ (SEACHAS INNE SEIRICEÁN)	338
43	CRAICNE FIONNAIDH AGUS FIONNADH SAORGA; EARRAÍ ATÁ MONARAITHE ASTU	341

ROINN IX

ADHMAD AGUS EARRAÍ ADHMAID; FIOGHUAL; CORC AGUS EARRAÍ COIRC; EARRAÍ MONARAITHE ATÁ DÉANTA AS TUÍ, AS EASPARTÓ NÓ AS ÁBHAIR THRILSEACHA EILE; EARRAÍ CISEÁIN AGUS EARRAÍ CAOLADÓIREACHTA

44	ADHMAD AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS ADHMAD; FIOGHUAL	343
45	CORC AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS CORC	357
46	EARRAÍ MONARAITHE ATÁ DÉANTA AS TUÍ, AS EASPARTÓ NÓ AS ÁBHAIR THRILSEACHA EILE; EARRAÍ CISEÁIN AGUS EARRAÍ CAOLADÓIREACHTA	358

Caibidlí

Leathanaigh

ROINN X

**LAÍON ADHMAID NÓ ÁBHAIR SHNÁITHÍNEACHA CHEALLALÓSACHA EILE; PÁIPÉAR
ATHSHLÁNAITHE NÓ CAIRTCHLÁR ATHSHLÁNAITHE (ATÁ DÉANTA AS DRAMHAÍL AGUS
FUÍOLL); PÁIPÉAR AGUS CAIRTCHLÁR AGUS NITHE ATÁ DÉANTA ASTU**

47 LAÍON ADHMAID NÓ ÁBHAIR SHNÁITHÍNEACHA CHEALLALÓSACHA EILE; PÁIPÉAR ATHSHLÁNAITHE NÓ CAIRTCHLÁR ATHSHLÁNAITHE (ATÁ DÉANTA AS DRAMHAÍL AGUS FUÍOLL)	360
48 PÁIPÉAR AGUS PÁIPÉARCHLÁR; NITHE ATÁ DÉANTA AS LAÍON PÁIPÉIR, AS PÁIPÉAR NÓ AS PÁIPÉARCHLÁR	362
49 LEABHAIR CHLÓITE, NUACHTÁIN, PICTIÚIR AGUS TÁIRGÍ EILE NA TIONSCLAÍOCHTA CLÓDÓIREACHTA; LÁMHSCRÍBHINNÍ, CLÓSCRÍBHINNÍ AGUS PLEANANNA	375

ROINN XI

TEICSTÍLÍ AGUS EARRAÍ TEICSTÍLE

50 SÍODA	384
51 OLANN, FIONNADH AINMHÍOCH MÍN NÓ GARBH; SNÁTH RÓIN AGUS FABRAIC FHITE	386
52 CADÁS	390
53 SNÁITHÍNÍ TEICSTÍLE PLANDÚLA EILE; SNÁTH PÁIPÉIR AGUS FABRAICÍ FITE AS SNÁTH PÁIPÉAR	398
54 AS FILIMÉID DE DHÉANTÚS AN DUINE; STIALL AGUS A LEITHÉIDÍ AS ÁBHAIR TEICSTÍLE DE DHÉANTÚS AN DUINE	401
55 SNÁITHÍNÍ STÁPLACHA DE DHÉANTÚS AN DUINE	405
56 FLOCAS, FEILT AGUS ÁBHAIR NEAMHFHITE; SNÁTHANNA SPEISIALTA; SREANGÁN, TÉADRA, TÉADA AGUS CÁBLAÍ AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA ASTU	412
57 CAIRPÉID AGUS CLÚDAIGH EILE URLÁIR THEICSTÍLE	416
58 FABRAICÍ FITE SPEISIALTA; FABRAICÍ TEICSTÍLE STOTHACHA; LÁSA; TAIPEÍSÍ; CIUMHSÓGA; BRÓIDNÉIREACHTA	419
59 FABRAICÍ TEICSTÍLE ATÁ TUILTE, BRATAITHE, CLÚDAITHE NÓ LANNAITHE; EARRAÍ TEICSTÍLE DE CHINEÁL ATÁ OIRIÚNACH LE HAGHAIDH ÚSÁID TIONSCAIL	422
60 FABRAICÍ CNIOTÁILTE NÓ CRÓISEÁILTE	427
61 BAILL ÉADAIGH AGUS GABHÁLAIS ÉADAIGH, CNIOTÁILTE NÓ CRÓISEÁILTE	430
62 BAILL ÉADAIGH AGUS GABHÁLAIS ÉADAIGH, GAN CNIOTÁIL GAN CRÓISEÁIL	440
63 EARRAÍ TEICSTÍLE RÉDHÉANTA EILE; FOIRNE ÉADAÍ; ÉADAÍ CAITE AGUS EARRAÍ TEICSTÍLE CAITE; CEIRTEACHA	451

ROINN XII

**COISBHEART, CEANNBHEART, SCÁTHANNA FEARTHAINNE, SCÁTHANNA GRÉINE, BATAÍ
SIÚIL, BATAÍ SUÍOCHÁIN, FUIPEANNA, FUIPEANNA MARCAÍOCHTA AGUS PÁIRTEANNA
DÍOBH; CLEITÍ ULLMHAITHE AGUS EARRAÍ A DHÉANTAR LEO SIN; BLÁTHANNA SAORGA;
EARRAÍ Ó GHUAIG DHAONNA**

64 COISBHEARTA, LOIRGNEÁIN AGUS A LEITHÉIDÍ; PÁIRTEANNA DE NA HEARRAÍ SIN	456
65 CEANNBHEARTA AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH	462
66 SCÁTHANNA FEARTHAINNE, SCÁTHANNA GRÉINE, BATAÍ SIÚIL, BATAÍ SUÍOCHÁIN, FUIPEANNA, FUIPEANNA MARCAÍOCHTA AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH	463
67 CLEITÍ AGUS CLÚMH ULLMHAITHE AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS CLEITÍ NÓ AS CLÚMH; BLÁTHANNA SAORGA; EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS GRUAIG DHAONNA	464

Caibidlí

Leathanaigh

ROINN XIII

**EARRAÍ CLOICHE, PLÁSTAIR, STROIGHNE, AISPEISTE, MÍOCA NÓ ÁBHAIR
CHOMHCHOSÚLA; TÁIRGÍ CEIRMEACHA; GLOINE AGUS EARRAÍ GLOINE**

68	EARRAÍ DÉANTA AS CLOCH, AS PLÁSTAR, AS STROIGHIN, AS AISPEIST, AS MÍOCA NÓ AS ÁBHAIR CHOMHCHOSÚLA	466
69	TÁIRGÍ CEIRMEACHA	471
70	GLOINE AGUS EARRAÍ GLOINE	475

ROINN XIV

**PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ SAOTHRAITHE, CLOCHA LÓMHARA NÓ LEATHLÓMHARA,
MIOTAIL LÓMHARA, MIOTAIL CUMHDAITHE LE MIOTAL LÓMHAR, AGUS EARRAÍ DÍOBH;
SEODRA BRÉIGE; BOINN**

71	PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ SAOTHRAITHE, CLOCHA LÓMHARA NÓ LEATHLÓMHARA, MIOTAIL LÓMHARA, MIOTAIL CUMHDAITHE LE MIOTAL LÓMHARA, AGUS EARRAÍ DÍOBH; SEODRA BRÉIGE; BOINN AIRGID	484
----	--	-----

ROINN XV

TÁIRMHIOTAIL AGUS EARRAÍ TÁIRMHIOTAIL

72	IARANN AGUS CRUACH	493
73	EARRAÍ DÉANTA AS IARANN NÓ AS CRUACH	516
74	COPAR AGUS EARRAÍ DÉANTA AS COPAR	528
75	NICIL AGUS EARRAÍ DÉANTA DE NICIL	533
76	ALÚMANAM AGUS EARRAÍ DÉANTA AS ALÚMANAM	535
77	(FORCHOIMEÁDTA LE HAGHAIDH ÚSÁIDE FÉIDEARTHA AMACH ANSEO)	
78	LUAIDHE AGUS EARRAÍ DÉANTA AS LUAIDHE	540
79	SINC AGUS EARRAÍ DÉANTA AS SINC	542
80	STÁN AGUS EARRAÍ EILE DÉANTA AS STÁN	543
81	TÁIRMHIOTAIL EILE; CEIRMÉID; EARRAÍ DÉANTA AS TÁIRMHIOTAIL EILE NÓ AS CEIRMÉID	544
82	UIRLISÍ, GIÚIRLÉIDÍ, SCEANRA, SPÚNÓGA AGUS FOIRC, IAD DÉANTA AS TAIMRHOTAL; CODANNA DÍOBH DÉANTA AS TÁIRMHIOTAIL	548
83	EARRAÍ ILGHNÉITHEACHA DE THÁIRMHIOTAL	554

ROINN XVI

**INNEALRA AGUS FEARAIS MHEICNIÚLA; TREALAMH LEICTREACH; PÁIRTEANNA DÍOBH;
TAIFEADÁIN AGUS ATÁIRGEOIRÍ FUAIME, TAIFEADÁIN AGUS ATÁIRGEOIRÍ ÍOMHÁ AGUS
FUAIME TEILIFÍSE, AGUS PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLALAS D'EARRAÍ DEN SÓRT SIN**

84	IMOIBREOIRÍ NÚICLÉACHA, COIRÍ, INNEALRA AGUS FEARAIS MHEICNIÚLA; PÁIRTEANNA DÍOBH SIN ..	559
85	INNEALRA AGUS TREALAMH LEICTREACH AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH; TAIFEADÁIN AGUS ATÁIRGEOIRÍ FUAIME, TAIFEADÁIN AGUS ATÁIRGEOIRÍ ÍOMHÁNNA AGUS FUAIME TEILIFÍSE, PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLALAS DE NA HEARRAÍ SIN	608

Caibidlí

Leathanaigh

ROINN XVII

FEITHICLÍ, AERÁRTHAÍ, SOITHÍ AGUS TREALAMH IOMPAIR GAOLMHAR

86	INNILL IARNRÓID NÓ TRAMBHEALAIGH, ROTHSTOC AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH; DAINGNEÁIN AGUS FEISTIS RIAIN IARNRÓID NÓ TRAMBHEALAIGH AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH; TREALAMH MEICNIÚIL (LENA NÁIRÍTEAR LEICTRIMEICNIÚIL) COMHARTHAÍOCHTA TRÁCHTA DE GACH CINEÁL	640
87	FEITHICLÍ SEACHAS ROTHSTOC IARNRÓID NÓ TRAMBHEALAIGH, AGUS PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH	643
88	AERÁRTHAÍ, SPÁSÁRTHAÍ, AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH	658
89	LONGA, BÁID AGUS DÉANMHAIS SNÁMHACHA	661

ROINN XVIII

IONSTRAIMÍ AGUS GAIRIS OPTÚLA, FHÓTAGRAFACHA, CHINEAMATAGRAFACHA, TOMHAIS, SEICEÁLA, BHEACHT-TOMHAIS, LEIGHIS NÓ MHÁINLIACHTA; CLOIG AGUS UAIREADÓIRÍ; UIRLISÍ CEOIL; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH

90	UIRLISÍ AGUS GLÉASRA OPTÚIL, FÓTAGRAFACH, CINEAMATAGRAFACH, TOMHAIS, SEICEÁLA, BEACHT-TOMHAIS, MÍOCHAINÉ NÓ MÁINLIACHTA; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH.....	664
91	CLOIG AGUS UAIREADÓIRÍ AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH	678
92	UIRLISÍ CEOIL; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS D'EARRAÍ DEN SÓRT SIN	682

ROINN XIX

AIRM AGUS ARMLÓN; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH

93	AIRM AGUS ARMLÓN; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH	685
----	---	-----

ROINN XX

EARRAÍ MONARAITHE ILGHNÉITHEACHA

94	TROSCÁN; CÓIR LEAPA, TOCHTANNA, TACAÍ TOCHTA, CÚSÍNÍ AGUS FEISTIS LÍONTA COMHCHOSÚLA; SOILSE AGUS FEISTIS SOILSE, NACH BHFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE; COMHARTHAÍ SOILSITHE, AINMCHLÁIR SHOILSITHE AGUS A LEITHÉIDÍ; FOIRGNIMH RÉAMHDHÉANTA	687
95	BRÉAGÁIN, CLUICHÍ AGUS GAIRIS SPÓIRT; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH	693
96	EARRAÍ MONARAITHE ILGHNÉITHEACHA	699

ROINN XXI

SAOTHAIR EALAÍNE, EARRAÍ INBHAILITHE AGUS SEANDACHTAÍ

97	SAOTHAIR EALAÍNE, EARRAÍ BAILITHEOIRÍ AGUS SEANDACHTAÍ	705
98	GLÉASRA IOMLÁN TIONSCAIL	708
99	CÓID SPEISIALTA AINMNÍOCHTA COMHCHEANGAILTE	711

Caibidlí

Leathanaigh

CUID A TRÍ — IARSCRÍBHINNÍ NA DTARAIF

ROINN I — IARSCRÍBHINNÍ TALMHAÍOCHTA

Leathanaigh

IARSCRÍBHINN 1 COMHPHÁIRTEANNA TALMHAÍOCHTA (EA), DLEACTANNA BREISE LE hAGHAIDH SIÚCRA (AD S/Z) AGUS DLEACTANNA BREISE LE hAGHAIDH PLÚIR (AD F/M) 717

IARSCRÍBHINN 2 TÁIRGÍ A BHFUIL FEIDHM AG PRAGHAS IONTRÁLA INA LEITH 733

ROINN II — LIOSTAÍ NA SUBSTAINTÍ CÓGAISÍOCHTA A CHÁILÍONN MAR SHUBSTAINTÍ A NDÉILEÁILTEAR LEO AR BHONN SAOR Ó DHLEACTH

IARSCRÍBHINN 3 LIOSTA AINMNEACHA NEAMHDHÍLSEÁNAIGH IDIRNÁISIÚNTA (ANINNA), ARNA SOLÁTHAR AG AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA SLÁINTE LE hAGHAIDH SUBSTAINTÍ CÓGAISÍOCHTA, ATÁ SAOR Ó DHLEACTH 767

IARSCRÍBHINN 4 LIOSTA NA RÉIMÍREANNA AGUS NA N-IARMHÍREANNA LENA dTUAIRSCÍTEAR, I GCOMHCHEANGAL LEIS NA ANINNA IN IARSCRÍBHINN 3, SALAINN, EISTIR NÓ HIODRÁITÍ D'ANINNA TÁ NA SALAINN, NA HEISTIR AGUS NA HIODRÁITÍ SIN SAOR Ó DHLEACTH, AR CHOINNÍOLL GUR FÉIDIR IAD A AICMIÚ FAOIN BHFO-CHEANNTÉIDEAL CC SÉ DHIGIT CÉANNA LEIS AN ANI COMHFHREAGRACH 979

IARSCRÍBHINN 5 SALAINN, EISTIR AGUS HIODRÁITÍ ANIANNA NACH NAICMÍTEAR FAOIN TEIDEAL CC CÉANNA LEIS NA HANIANNA COMHFHREAGRACHA ATÁ SAOR Ó DHLEACTH 993

IARSCRÍBHINN 6 LIOSTA DE THÁIRGÍ IDIRMHEÁNACHA CÓGAISÍOCHTA, I.E. COMHDHÚILE DE CHINEÁL A ÚSÁIDTEAR CHUN TÁIRGÍ CÓGAISÍOCHTA CRÍOCHNAITHE A MHONARÚ, ATÁ SAOR Ó DHLEACTH 997

ROINN III

IARSCRÍBHINN 7 (FORCHOIMEÁDTA LE HAGHAIDH ÚSÁIDE FÉIDEARTHA AMACH ANSEO) 1057

ROINN IV — CÓIREÁIL FHABHRACH TARAIFE DE BHARR CHINEÁL NA NEARRAÍ

IARSCRÍBHINN 8 EARRAÍ ATÁ MÍ-OIRIÚNACH LENA GCAITHEAMH 1061

IARSCRÍBHINN 9 DEIMHNITHE 1066

ROINN V

IARSCRÍBHINN 10 CÓID STAIRIMH TARIC 1079

CUID A HAON

RÉAMHFHORÁLACHA

ROINN I

RIALACHA GINEARÁLTA

A. Rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte

Rialófar aicmiú earraí san Ainmníocht Chomhcheangailte leis na prionsabail seo a leanas:

1. Ní sholáthraítear ceanteidil ranna, caibidlí agus fochaibidlí ach amháin chun tagairt dóibh a éascú; chun críocha dleathacha, déanfar aicmiú a chinneadh de réir théarmaí na gceanteideal agus aon roinn ábhartha nó aon nóta caibidle ábhartha agus, ar choinníoll nach gceanglaítear a mhalairt leis na ceanteidil nó leis na nótaí sin, de réir na bhforálacha seo a leanas.
2. a) Tuigfear le haon tagairt i gceanteideal d'airteagal go n-áireofar léi tagairt don airteagal sin agus é neamhiomlán nó neamhchríochnaithe, ar choinníoll, mar a chuirtear i láthair é, go mbeidh saintréithe fíor-riachtanacha an airteagail iomlán nó an airteagail chríochnaithe ag an airteagal neamhiomlán nó neamhchríochnaithe. Tuigfear freisin go n-áireofar léi tagairt don airteagal iomlán nó don airteagal chríochnaithe sin (nó d'airteagal a bheidh le haicmiú mar airteagal iomlán nó airteagal chríochnaithe de bhua na rialach sin), agus é á chur i láthair ina airteagal neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte.
- b) Tuigfear le haon tagairt i gceanteideal d'ábhar nó do shubstaint go n-áireofar léi tagairt do mheascáin nó do theaglamaí den ábhar sin nó den tsubstaint sin le hábhair nó substaintí eile. Tuigfear le haon tagairt d'earraí atá déanta as ábhar ar leith nó substaint ar leith go n-áireofar léi tagairt d'earraí arb é atá iontu go hiomlán nó go páirteach an t-ábhar nó an tsubstaint sin. Déanfar aicmiú earraí arb é atá iontu breis agus aon ábhar nó aon substaint amháin de réir phrionsabail riail 3.
3. Nuair is amhlaidh, trí riail 2(b) a chur i bhfeidhm nó ar aon chúis eile, gurb inaicmithe earraí prima facie faoi dhá cheanteideal nó níos mó, is mar a leanas a chuirfear an t-aicmiú i bhfeidhm:
 - a) tabharfar tús áite don cheanteideal lena dtugtar an tuairisc is sonraí seachas do cheanteidil lena soláthraítear tuairisc níos ginearálta. Nuair nach ndéantar tagairt, áfach, le gach ceann de dhá cheanteideal nó níos mó, ach amháin do chuid de na hábhair nó de na substaintí atá in earraí measctha nó earraí ilchodacha nó do chuid de na hítimí i dtacar atá cóirithe lena miondíol, measfar na ceanteidil sin mar cheanteidil atá chomh sonrach le chéile i ndáil leis na hearraí sin, fiú má thugtar tuairisc níos iomláine nó níos beaichte ar na hearraí sin le ceann amháin de na ceanteidil sin;
 - b) maidir le meascáin, earraí ilchodacha arb é atá iontu ábhair dhifriúla nó atá déanta de chomhpháirteanna difriúla, agus earraí atá cóirithe i dtacar lena miondíol, nach féidir a n-aicmiú faoi threoir 3(a), aicmeofar iad amháil is gurb é atá iontu ábhar nó comhpháirt lena dtugtar a saintréithe fíor-riachtanacha dóibh, a mhéid is infheidhme an critéar sin;
 - c) i gcás nach féidir earraí a aicmiú faoi threoir 3(a) nó (b), aicmeofar iad faoin gceanteideal deiridh de réir ord uimhriúil ina measc siúd lena mbaineann fiúntas comhionann le hiad a bhreithniú.
4. Maidir le hearraí nach féidir a aicmiú i gcomhréir leis na rialacha thuas, aicmeofar iad faoin gceanteideal iomchuí a bhaineann leis na hearraí is cosúla leo.
5. I dteannta na bhforálacha thuasluaite, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis na hearraí dá dtagraítear iontu:
 - a) maidir le cásanna ceamara, cásanna uirlisí ceoil, cásanna gunnaí, cásanna uirlisí líníochta, cásanna muince agus coimeádáin chomhchosúla, a shainchumtar nó a shainfheistítear chun earra sonracha nó tacar earraí a choimeád, ar rud é atá oiriúnach lena n-úsáid go fadtéarmach agus a chuirtear i láthair in éineacht leis na hearraí dá mbeartaítear iad, aicmeofar iad leis na hearraí sin nuair is de chineál iad a dhíoltar in éineacht leo de ghnáth. Ní infheidhme an riail sin, áfach, maidir le coimeádáin is saintréith d'iomlán an earra;

- b) faoi réir fhorálacha rialí 5(a), maidir le pacáistíocht agus coimeádáin phacála ⁽¹⁾ a chuirtear i láthair in éineacht leis na hearraí atá iontu, aicmeofar iad in éineacht leis na hearraí más de chineál iad a úsáidtear de ghnáth chun na hearraí sin a phacáil. Ní bheidh an fhoráil sin ina ceangal áfach nuair is soiléir gurb oiriúnach na hábhair phacála sin nó na coimeádáin phacála sin lena n-úsáid arís is arís eile.
6. Chun críocha dleathacha, déanfar aicmiú na n-earraí i bhfo-cheannteidil a chinneadh de réir théarmaí na bhfo-cheannteideal sin agus aon nóta fo-cheannteidil ghaolmhair agus, *mutatis mutandis*, de réir na rialacha thuas, ar an tuiscint nach inchoimparáide ach fo-cheannteidil atá ar an leibhéal céanna. Chun críocha na rialach sin, is infheidhme an roinn ábhartha agus na nótaí caibidle ábhartha freisin, ach amháin i gcás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs.

B. Rialacha ginearálta a bhaineann le dleachtanna

1. Maidir leis na dleachtanna custaim is infheidhme maidir le hearraí allmhairthe de thionscnamh tíortha is Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil nó lenar thug an tAontas Eorpach comhaontuithe i gcrích ina bhfuil clásal taraife an náisiúin bharrfhahair, is iad na dleachtanna caighdeánacha a léirítear i gcolún 3 de sceideal na ndleachtanna a bheidh sna dleachtanna custaim sin. Ach amháin i gcás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, is infheidhme na dleachtanna caighdeánacha sin maidir le hearraí, seachas na hearraí sin dá dtagraítear thuas, a allmhairítear ó aon tríú tír.

Is infheidhme na rátaí caighdeánacha dleachta a chuirtear ar fáil arís i gcolún 3 ó 1 Eanáir 2023.

Nuair is ísle rátaí uathrialacha dleachta ná na rátaí caighdeánacha dleachta, is infheidhme na dleachtanna uathrialacha a léirítear trí bhíthin fonóta.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás ina bhforáiltear maidir le dleachtanna uathrialacha speisialta i leith earraí de thionscnamh tíortha áirithe nó i gcás inarb infheidhme dleachtanna custaim tosaíochta de bhun comhaontuithe.
3. Ní chuirfear bac le míreanna 1 agus 2 ar na Ballstáit dleachtanna custaim a chur i bhfeidhm seachas dleachtanna na Comhtharaife Custaim i gcás ina mbeidh údar le cur i bhfeidhm na ndleachtanna eile sin le dlí an Aontais Eorpaigh.
4. Dleachtanna *ad valorem* is ea na dleachtanna a shloinntear mar rátaí céatadán.
5. Léirítear leis an tsiombail 'EA' go bhfuil na hearraí lena mbaineann inmhuirearaithe le 'comhpháirt talmhaíochta' arna socrú i gcomhréir le hIarscríbhinn 1.
6. Léirítear leis an tsiombail 'AD S/Z' nó 'AD F/M' i gCaibidil 17 go 19 gurb é atá san uasráta dleachta dleacht *ad valorem* móide dleacht bhreise le haghaidh foirmeacha áirithe siúcra nó le haghaidh plúir. Socraítear an dleacht bhreise sin i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn 1.
7. I gCaibidil 22, ciallaíonn an tsiombail '€ /% vol/hl' go bhfuil dleacht shonrach, a shloinntear in euro, le ríomh le haghaidh gach céatadán de thoirt an alcóil in aghaidh an heictilítir. Dá bhrí sin, is mar a leanas a mhuirearófar deoch ina bhfuil cion alcóil 40 % de réir toirte:

— '€ 1/% vol/hl' = € 1 × 40, lena dtugtar dleacht € 40 in aghaidh an heictilítir, nó

— '€ 1/% vol/hl + € 5/hl' = € 1 × 40 móide € 5, lena dtugtar dleacht € 45 in aghaidh an heictilítir.

I gcás, ina theannta sin, ina léirítear íosluach (MIN), mar shampla '€ 1,6/ % vol/hl MIN € 9/hl', ciallaíonn sé go bhfuil an dleacht, a ríomhtar ar bhonn na rialach thuas, le cur i gcomparáid leis an íosdleacht, mar shampla '€ 9/hl', agus go bhfuil an ceann is airde den dá dhleacht le cur i bhfeidhm.

⁽¹⁾ Ciallaíonn na téarmaí 'pacáistíocht' agus 'coimeádáin phacála' aon choimeádán inmheánach nó seachtrach, gabhdán, clúdach nó taca seachas gléasanna iompair (coimeádáin iompair mar shampla), tarpóil, tácla nó trealamh coimhdeach iompair. Leis an téarma 'coimeádáin phacála' ní chumhdaítear na coimeádáin dá dtagraítear i rialí ghinearálta 5(a).

8. I gcás, i gCaibidlí 17 go 19 agus 21, ina léirítear uasluch (MAX), mar shampla '(9 + EA) MAX (24,2 + AD S/Z)', ciallaíonn sé nach bhféadfaidh an dleacht a ríomhtar le 9 % a chur léi agus an 'chomhpháirt talmhaíochta' (EA) a bheith níos mó ná suim an 24,2 % ná an dleacht bhreise ar shiúcra ('AD S/Z').

C. Rialacha ginearálta is infheidhme maidir leis an ainmníocht agus le dleachtanna araon

1. Mura bhforáiltear a mhalairt, cuirfear na forálacha a bhaineann le luach custaim i bhfeidhm chun a chinneadh, sa bhreis ar an luach chun dleachtanna custaim *ad valorem* a mheasúnú, na luachanna a ndéantar raon feidhme ceannteideal áirithe nó fo-cheannteideal áirithe a shainmhíniú faoina dtreoir.
2. Maidir leis an meáchan indleachta, i gcás earraí is inmhuirearaithe de réir meáchain, agus i gcás na meáchan, a ndéantar raon feidhme ceannteideal áirithe nó fo-cheannteideal áirithe a shainmhíniú faoina dtreoir, tuigfear gurb iad:
 - a) i gcás tagartha do 'ollmheáchan', meáchan comhiomlán na n-earraí agus na pacáistíochta agus na gcoimeádán pacála uile;
 - b) i gcás tagartha do 'ghlanmheáchan', nó díreach do 'mheáchan' gan cháiliú, meáchan na n-earraí iad féin gan phacáistíocht ná coimeádáin phacála d'aon chineál.
3. Maidir le coibhéis an euro in airgeadraí náisiúnta, do Bhallstáit seachas na Ballstáit rannpháirteacha mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle ⁽¹⁾ (dá ngairfear 'na Ballstáit neamh-rannpháirteacha' anseo feasta), socrófar í i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ⁽²⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
4. Earraí is incháilithe le haghaidh cóireáil fhabhrach taraife de bharr a n-úsáide deiridh:

I gcás nach ísle an dleacht ar allmhairí is infheidhme faoi na socrúithe maidir le húsáid deiridh, a bhaineann le hearraí le haghaidh úsáid deiridh shonrach, ná an dleacht ar allmhairí arbh infheidhme murach sin maidir leis na hearraí, aicmeofar na hearraí sin sa chóid lena dtagraítear don úsáid deiridh agus ní bheidh feidhm ag hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

⁽¹⁾ IO L 139, 11.5.1998, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

ROINN II

FORÁLACHA SPEISIALTA

A. Earraí le haghaidh catagóirí áirithe long, bád agus soithí eile agus le haghaidh ardáin druileála nó táirgeachta.

1. Cuirfear dleachtanna custaim ar fionraí i leith earraí a bheartaítear a úsáid mar chuid de na longa, de na báid nó de shoithí eile a liostaítear sa sceideal seo a leanas, chun iad a thógáil, a dheisiú, a chothabháil nó a athrú, agus i leith earraí a bheartaítear a fheistiú ar na longa, ar na báid nó ar shoithí eile den sórt sin nó lena mbeartaítear iad a threallmhú.

2. Cuirfear dleachtanna custaim ar fionraí i leith:

a) earraí a bheartaítear a úsáid mar chuid d'ardáin druileála nó táirgeachta:

1) feistithe, atá faoi fhocheannteideal ex 8430 49, a oibrítear laistigh nó lasmuigh d'uiscí teorann na mBallstát, nó

2) ardáin shnámhacha nó intumtha, faoi fho-cheannteideal 8905 20,

chun iad a thógáil a dheisiú, a chothabháil nó a athrú, agus i leith earraí a bheartaítear a úsáid chun na hardáin sin a threallmhú.

Maidir leis na hearraí sin amháil breosla, bealaí agus gás, earraí is gá chun meaisíní agus gairis a oibriú nach ndéanann difear buan dóibh, agus nach páirteanna bunúsacha de na hardáin iad agus a úsáidtear ar bord chun na hardáin sin a thógáil, a dheisiú, a chothabháil, a athrú nó a threallmhú, meastar freisin go n-úsáidtear iad chun iad a chur mar chuid d'ardáin druileála nó táirgeachta;

b) feadáin, píopaí, cáblaí agus a bpíosaí ceangail, lena nasctar na hardáin druileála nó táirgeachta sin leis an mórtír.

Cód AC	Tuairisc
8901	Longa cúrsála, báid turais, báid farantóireachta, longa lastais, báirsí agus soithí comhchosúla chun daoine nó earraí a iompar
8901 10	– Longa cúrsála, báid turais agus soithí cosúla arna ndearadh go príomha chun daoine a iompar; gach cineál bád farantóireachta
8901 10 10	-- Soithí muirghabhála
8901 20	– Tancaeir
8901 20 10	-- Soithí muirghabhála
8901 30	– Soithí cuisnithe, seachas iad sin atá faoi fho-cheannteideal 8901 20
8901 30 10	-- Soithí muirghabhála
8901 90	– Soithí eile chun earraí a iompar agus soithí eile chun daoine agus earraí araon a iompar
8901 90 10	-- Soithí muirghabhála
8902 00	Soithí iascaireachta; longa monarchan agus soithí eile chun táirgí iascaigh a phróiseáil nó a leasú
8902 00 10	– Soithí muirghabhála
8903	Luaimh agus soithí eile do phléisiúr nó spóirt; báid rámhaíochta agus canúnna
	– Báid seoil, seachas báid inséidte, bíodh mótár cúnata iontu nó ná bíodh
8903 22	-- Is mó ná 7,5 m ar fad ach nach mó ná 24 m ar fad
8903 22 10	--- Soithí muirghabhála

Cód AC	Tuairisc
8903 23	-- Is mó ná 24 m ar fad
8903 23 10	--- Soithí muirghabhála
	- Báid innill, seachas báid inséidte, gan báid innill a bhfuil inneall transaim orthu san áireamh
8903 32	-- Is mó ná 7,5 m ar fad ach nach mó ná 24 m ar fad
8903 32 10	--- Soithí muirghabhála
8903 33	-- Is mó ná 24 m ar fad
8903 33 10	--- Soithí muirghabhála
8904 00	Tugaí agus brúshoithí
8904 00 10	- Tugaí
	- Brúshoithí
8904 00 91	-- Soithí muirghabhála
8905	Soithí éadroma, raftaí dóiteáin, dreidirí, craenacha snámhacha agus soithí eile a bhfuil a n-inseoltacht ina bhfofheidhm dá bpríomhfheidhm; duganna snámhacha; ardáin shnámhacha nó intumtha druileála nó táirgeachta
8905 10	- Dreidirí
8905 10 10	-- Soithí muirghabhála
8905 90	- Eile
8905 90 10	-- Soithí muirghabhála
8906	Soithí eile lena n-áirítear longa cogaidh agus báid tarrthála seachas báid rámhaíochta
8906 10 00	- Longa cogaidh
8906 90	- Eile
8906 90 10	-- Soithí muirghabhála

3. Beidh na fionraíochtaí faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh d'fhonn úsáid na n-earraí sin a rialú ó thaobh custaim de.

B. Aerárthaí sibhialta agus earraí a bhfuiltear lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta

1. Foráiltear maidir le faoisimh ó dhleachtchustaim le haghaidh na nithe seo a leanas:

- aerárthaí sibhialta,
- earraí áirithe a bhfuiltear lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta agus lena n-úsáid mar chuid díobh le linn mhonarú, dheisiú, chothabháil, atógáil, mhodhnú nó athrú na n-aerárthaí sin,
- feistí oiliúna ionsamhalta eiltle agus a bpáirteanna, le haghaidh úsáid shibhialta.

Cumhdaítear na hearraí sin le ceannteidil agus le fo-cheannteidil a liostaítear i dtáblaí i mír 5.

2. Chun críocha mhír 1, an chéad fhleasc agus an dara fleasc, ciallaíonn 'aerárthaí sibhialta' aerárthaí seachas aerárthaí a úsáidtear i seirbhísí míleata nó seirbhísí comhchosúla sna Ballstáit agus ar a bhfuil clárúchán míleata nó clárúchán neamhsibhialta.
3. Chun críocha mhír 1: an dara fleasc, áireofar leis an nath 'a bhfuiltear lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta' earraí atá le húsáid i bhfeistí oiliúna ionsamhalta eiltle le haghaidh úsáid shibhialta.

4. Beidh faoiseamh ó dhleacht custaim faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh d'fhonn úsáid na n-earraí sin a rialú ó thaobh custaim de (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013).

Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha sin áfach i gcásanna ina dtagann aerárthaí sibhialta faoi fho-cheannteidil 8802 11, 8802 12, 8802 20, 8802 30, 8802 40 a iontráladh go cuí ar chlár Ballstáit nó tríú tír i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta dar dáta an 7 Nollaig 1944 agus ina ndéantar tagairt sa dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht a ghabhann leis an deimhniú clárúcháin ábhartha.

Beidh feidhm ag Réamhfhorálacha CN, Roinn I – Rialacha Ginearálta, pointe C. 4. *mutatis mutandis*.

5. Cumhdaítear earraí is incháilithe don fhaoiseamh sin ó dhleachtanna custaim leis na ceannteidil nó leis na fo-cheannteidil seo a leanas:

3917 40, 4011 30, 4012 13, 4012 20, 7324 10, 7326 20, 8302 10, 8302 20, 8302 42, 8302 49, 8302 60, 8407 10, 8408 90, 8409 10, 8411, 8412 10, 8412 21, 8412 29, 8412 31, 8412 39, 8412 80 80, 8412 90, 8413 19, 8413 20, 8413 30, 8413 50, 8413 60, 8413 70, 8413 81, 8413 91, 8414 10, 8414 20, 8414 30, 8414 51, 8414 59, 8414 80, 8414 90, 8415 81, 8415 82, 8415 83, 8418 10, 8418 30, 8418 40, 8418 61, 8418 69, 8419 50, 8419 81, 8421 19, 8421 21, 8421 23, 8421 29, 8421 31, 8421 32, 8421 39, 8424 10, 8479 90, 8483 10, 8483 30, 8483 40, 8483 50, 8483 60, 8483 90, 8484 10, 8484 90, 8501 32, 8501 52, 8501 61, 8501 62, 8501 63, 8502, 8504 10, 8504 31, 8504 32, 8504 33, 8504 40, 8504 50, 8507, 8511 10, 8511 20, 8511 30, 8511 40, 8511 50, 8511 80, 8518 10, 8518 22, 8518 29, 8518 30, 8518 40, 8518 50, 8519 81, 8521 10, 8526, 8528 52, 8529 10, 8531 10 95, 8531 20, 8531 80, 8539 10, 8544 30, 8801, 8802 11, 8802 12, 8802 20, 8802 30, 8802 40, 8806 10, 8806 21, 8806 22, 8806 23, 8806 24, 8806 29, 8806 91, 8806 92, 8806 93, 8806 94, 8806 99, 8807 10, 8807 20, 8807 30, 8807 90, 9001 90, 9002 90, 9014 10, 9025, 9029 20 38, 9030 31, 9030 33, 9030 89, 9032, 9104.

Le haghaidh na bhfo-cheannteideal seo a leanas, ní dheonaítear faoiseamh ó dhleachtanna custaim le haghaidh táirgí a bhfuiltear lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta ach amháin le haghaidh na n-earraí a thuairiscítear sa dara colún:

Fo-cheannteideal	Tuairisc
3917 21 90, 3917 22 90, 3917 23 90, 3917 29 00, 3917 31, 3917 33, 3917 39 00, 7413 00, 8307 10, 8307 90	Agus feistis greamaithe díobh
4008 29	Cruthanna próifíle, gearrtha ar thomhas
4009 12, 4009 22, 4009 32, 4009 42	Oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar
3926 90, 4016 10, 4016 93, 4016 99	Le haghaidh úsáideanna teicniúla
4504 90	Gaiscéid, leicneáin agus séaláí eile
6812 80	Seachas éadaí, gabhálaí éadaigh, coisbheart, ceannbheart, páipéar, cairtphár, feilt nó siúntáil shnáithín comhbhrúite aispeiste, ina leatháin nó ina rollaí
6812 99	Seachas páipéar, cairtphár, feilt; Seachas siúntáil shnáithín comhbhrúite aispeiste, ina leatháin nó ina rollaí
6813 20, 6813 81, 6813 89	De bhunús aispeiste nó substaintí mianrúla eile
7007 21	Gaothscátha, gan fráma
7322 90	Aerthéitheoirí agus dáileoirí aeir the (gan páirteanna díobh san áireamh)
7324 90	Earraí sláintíochta (gan páirteanna díobh san áireamh)
7608 10, 7608 20	Agus feistis greamaithe díobh, atá oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar
8108 90	Feadáin agus píobáin, agus feistis greamaithe díobh, atá oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar
8415 90	De mheaisíní aerchóiriúcháin faoi fho-cheannteideal 8415 81, 8415 82 nó 8415 83
8419 90	Páirteanna d'aonaid teasmhalartaithe

8479 89	Ceallraí hidrineomatacha; gníomhróirí meicniúla le haghaidh cúlsánna; aonaid leithreas atá saindeartha; taisirí aeir agus díthaisirí aeir; seirbhímhheicniúcháí, neamhleictreacha; móitair dhúisithe neamhleictreacha; dúisitheoirí aeroibrithe le haghaidh inneall turbascairde, turbailián agus gástuir-bíní eile; cuimilteoirí gaothscátha, neamhleictreacha; rialtóirí liáin, neamhleictreacha
8501 20, 8501 40	D'aschur is mó ná 735 W ach nach mó ná 150 kW
8501 31	D'aschur is mó ná 735 W, gineadóirí DC
8501 33	Móitair d'aschur nach mó ná 150 kW agus gineadóirí
8501 34	Gineadóirí d'aschur is mó ná 375 kW
8501 51	D'aschur is mó ná 735 kW
8501 53	D'aschur nach mó ná 150 kW
8501 72	D'aschur is mó ná 735 kW
8501 80	D'aschur nach mó ná 750 kW
8516 80 20	Nach gcóimeáiltear ach le foirmeán simplí inslithe agus naisc leictreacha, a úsáidtear le haghaidh frith-oighriú nó dí-oighriú
8522 90	Cóimeálacha agus fochóimeálacha arb é atá iontu dhá pháirt nó níos mó nó píosaí atá daingnithe nó ceangailte le chéile, le haghaidh ghairesas fho-cheannteideal 8519 81
8529 90	Cóimeálacha agus fochóimeálacha arb é atá iontu dhá pháirt nó níos mó nó píosaí atá daingnithe nó ceangailte le chéile, le haghaidh ghairesas fho-cheannteideal 8526
8536 70	Nascóirí plaisteacha le haghaidh snáithíní optúla, cuacha de shnáithíní optúla nó cáblaí
8543 70 90	Sioncróirí leictreacha agus trasduchtóirí; díreoiteoirí agus dínéaltóirí a bhfuil friotóirí leictreacha acu
9020 00	Gan páirteanna a áireamh
9029 10	Áiritheoirí imrothluithe leictreacha nó leictreonacha
9029 90	Áiritheoirí imrothluithe, táscairí luais agus tacaiméadair
9109 10, 9109 90	Nach mó ná 50 mm ar leithead nó nach mó ná 50 mm a dtrastomhas
9405 11, 9405 19, 9405 61, 9405 69	Atá déanta as plaistigh nó as táirmhíotal
9405 92, 9405 99	Atá déanta as na hearraí atá faoi fho-cheannteideal 9405 11, 9405 19, 9405 61 nó 9405 69, as plaistigh nó as táirmhíotal

6. Tá na hearraí a shonraítear i mír 5 ionchorpraithe in TARIC le fo-cheannteidil lena ngabhann fonóta tagartha sna téarmaí seo a leanas: 'Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo tá sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013)'.

Le haghaidh na bhfo-cheannteideal 8802 11, 8802 12, 8802 20, 8802 30, 8802 40, is éard atá le léamh san fhonóta tagartha:

'Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013). Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas i gcásanna inar iontráladh aerárthaí sibhialta go cuí ar chlár Ballstáit nó tríú tír i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta dar dáta an 7 Nollaig 1944 agus ina ndéantar tagairt sa dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht a ghabhann leis an deimhniú clárúcháin ábhartha.'

C. Táirgí cógaisíochta

1. Soláthraítear faoiseamh ó dhleacht chustaim le haghaidh tháirgí cógaisíochta na gcatagóirí seo a leanas:

- 1) substaintí cógaisíochta a chumhdaítear le CAS RN (uimhreacha chláráithe na seirbhíse achoimreachaí ceimiceán) agus leis na hainmneacha neamhdhílseánaigh idirnáisiúnta (ANInna) a liostaítear in Iarscríbhinn 3;

- 2) salainn, eistir agus hiodráití ANInna a dtugtar tuairisc orthu trí ANInna Iarscríbhinn 3 a chomhcheangal le réimíreanna nó le hiarmhíreanna Iarscríbhinn 4, ar choinníoll go mbeidh na táirgí sin inaicmithe sna fo-cheannteidil HS céanna, ina bhfuil 6 dhigit, leis an ANI ábhartha;
- 3) salainn, eistir agus hiodráití ANInna a liostaítear in Iarscríbhinn 5 agus nach bhfuil inaicmithe sna fo-cheannteidil HS céanna, ina bhfuil 6 dhigit, leis na ANInna comhfhreagracha;
- 4) táirgí idirmheánacha cógaisíochta, i.e. comhdhúile de chineál a úsáidtear chun táirgí cógaisíochta críochnaithe a mhonarú a chumhdaítear le CAS RN agus leis na hainmneacha ceimiceacha, a liostaítear in Iarscríbhinn 6.

2. Cásanna speisialta:

- 1) Ní chumhdaítear le ANInna ach amháin na substaintí sin a thuairiscítear i liostaí ANInna molta agus beartaithe a fhoilsíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláine (WHO). I gcás inar lú an líon substaintí a chumhdaítear le ANI ná an líon substaintí a chumhdaítear le CAS RN, ní bheidh saor ó dhleacht ach amháin na substaintí sin a chumhdaítear leis an ANI;
- 2) i gcás ina n-aithnítear táirge in Iarscríbhinn 3 nó Iarscríbhinn 6 le CAS RN a chomhfhreagraíonn d'isiméir shonrach, ní fhéadfaidh ach an isiméir sin a bheith incháilithe le haghaidh cóireáil saor ó dhleacht;
- 3) maidir le díorthaigh dhúbailte (salainn, eistir agus hiodráití) ANInna a aithnítear le ANI d'Iarscríbhinn 3 atá comhcheangailte le réimír nó le hiarmhír d'Iarscríbhinn 4, beidh siad incháilithe le haghaidh cóireáil saor ó dhleacht, ar choinníoll go mbeidh siad inaicmithe san fho-cheannteideal HS céanna, ina bhfuil 6 dhigit, le ANI ábhartha:

sampla: eistear meitile alainín, hidreaclóiríd;

- 4) maidir le ANI d'Iarscríbhinn 3, i gcás gur salann (nó eistear) é, ní fhéadfaidh aon salann eile (nó aon eistear eile) den aigéad a chomhfhreagraíonn do ANI cáiliú le haghaidh cóireáil saor ó dhleacht:

sampla: potaisiam ocspreanóáite (ANI): saor ó dhleacht

sóidiam ocspreanóáite: nach bhfuil saor ó dhleacht.

- 5) i gcás nach léirítear aon CAS RN le haghaidh táirge d'Iarscríbhinn 3 nó Iarscríbhinn 6 (uimhir 0-00-0), is leor an t-ainm neamhdhílseánaigh idirnáisiúnta (ANI) nó an t-ainm ceimiceach liostaithe le haghaidh cóireáil saor ó dhleacht.

D. Ráta caighdeánach dleachta

1. Muirearófar dleacht chustaim ag an ráta comhréidh 2,5 % *ad valorem* ar earraí:

- atá i gcoinsíneachtaí a sheolann duine príobháideach amháin chuig duine príobháideach eile, nó
- atá i mbagáiste pearsanta taistealaithe,

ar choinníoll nach mbeidh allmhairithe den sórt sin de chineál tráchtála.

Beidh feidhm ag an dleacht chustaim sin ar ráta comhréidh 2,5 %, ar choinníoll nach mó ná € 700 luach intreach na n-earraí atá faoi réir dleacht ar allmhairí in aghaidh na coinsíneachta nó in aghaidh an taistealaí.

Ní bheidh feidhm ag an measúnú sin ar ráta comhréidh maidir le hearraí arb é 'díolúine' ráta na dleachta dóibh i sceideal na ndleachtanna custaim ná maidir le hearraí faoi Chaibidil 24 atá i gcoinsíneacht nó i mbagáiste pearsanta taistealaithe ina méideanna is mó ná na méideanna sin a leagtar síos in Airteagal 27 nó de bhun Airteagal 41 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim ⁽¹⁾.

⁽¹⁾ IO L 324, 10.12.2009, lch. 23.

2. Déileálfar le hallmhairithe mar allmhairithe nach de chineál tráchtála iad sná cásanna seo a leanas:
- i gcás earraí atá i gcoinsíneachtaí a sheolann duine príobháideach amháin chuig duine príobháideach eile, más amhlaidh maidir leis na coinsíneachtaí sin:
 - gur de chineál ócáideach iad,
 - gur earraí atá iontu ar le haghaidh úsáid phearsanta an choinsíní nó a theaghlach iad, agus le haghaidh na húsáide sin amháin, agus nach léirítear aon intinn tráchtála lena gcineál ná lena gcainníocht,
 - go seolfaidh an coinsíneoir chuig an gcoinsíní iad saor ó aon chineál íocaíochta;
 - i gcás earraí atá i mbagáiste pearsanta taistealaithe, más amhlaidh maidir leis na hearraí sin:
 - gur de chineál ócáideach iad, agus
 - gur earraí atá iontu ar le haghaidh úsáid phearsanta na dtaistealaithe nó a dteaghlach iad, agus le haghaidh na húsáide sin amháin, nó earraí a bheartaítear mar bhronntanais; ní mór nach mbeidh cineál ná cainníocht na n-earraí sin amhlaidh go bhféadfaí a léiriú leis go bhfuil siad á n-allmhairiú ar chúiseanna tráchtála;
3. Ní bheidh feidhm ag ráta comhréidh na dleachta custaim maidir le hearraí a allmhairítear faoi na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 más rud é gur iarr an duine atá ina theideal, sular cuireadh an ráta comhréidh sin i bhfeidhm maidir leo, go mbeidís faoi réir na ndleachtanna custaim is iomchuí dóibh. Beidh na hearraí uile a bhfuil an choinsíneacht déanta díobh faoi réir na ndleachtanna ar allmhairí is iomchuí dóibh ansin, gan dochar don chead isteach saor ó dhleacht dá bhforáiltear de bhun Airteagail 25 go 27 agus 41 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009.
- Chun críocha na chéad fhomhíre, ciallóidh dleachtanna ar allmhairí idir dhleachtanna custaim agus mhuirir chustaim a bhfuil éifeacht choibhéseach acu mar aon le muirir eile ar allmhairí dá bhforáiltear faoin gcomhbheartas talmhaíochta nó faoi shocrúithe sonracha is infheidhme maidir le hearraí áirithe a eascraíonn as táirgí talmhaíochta a phróiseáil.
4. Féadfaidh na Ballstáit neamh-rannpháirteacha an méid a bheidh ann de thoradh comhshó shuim an € 700 a shlánú in airgeadraí náisiúnta.
5. Féadfaidh na Ballstáit neamh-rannpháirteacha coibhéis shuim an € 700 in airgeadra náisiúnta a choimeád gan athrú más amhlaidh, tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, gur lú ná 5 % sa choibhéis in airgeadra náisiúnta, nó i laghdú air sin, an toradh ar chomhshó an mhéid sin, roimh an slánú dá bhforáiltear i mír 4.

E. Coimeádáin agus pacáistíocht

Is infheidhme na forálacha seo a leanas maidir leis na coimeádáin agus leis an bpacáistíocht dá dtagraítear i rialacha léirmhínithe ghinearálta 5(a) agus (b) agus a chuirtear i saorchúrsaíocht an tráth céanna leis na hearraí atá iontu nó a chuirtear i láthair in éineacht leo iad.

- Nuair a aicmítear na coimeádáin agus an phacáistíocht leis na hearraí i gcomhréir le forálacha riall léirmhínithe ghinearálta 5, is amhlaidh maidir leo:
 - go mbeidh siad inmhuirearaithe ar an ráta dleachta custaim céanna leis na hearraí:
 - i gcás ina mbeidh na hearraí sin faoi réir dleacht chustaim *ad valorem*, nó
 - i gcás ina mbeidh siad le cur san áireamh i meáchan indleachta na n-earraí;
 - go gceadófar isteach saor ó dhleachtanna custaim iad:
 - i gcás inarb earraí saor ó dhleacht chustaim iad, nó
 - i gcás inarb earraí indleachta iad ar bhealach eile seachas faoi threoir meáchain nó luacha, nó

- i gcás nach mbeidh meáchan na gcoimeádán agus na pacáistíochta le cur san áireamh i meáchan indleachta na n-earraí.
2. I gcás ina bhfuil earraí, lena mbaineann roinntí tuairiscí taraife difriúla, i gcoimeádáin agus i bpacáistíocht a chumhdaítear le forálacha mhír 1(a) agus (b), nó i gcás ina gcuirtear coimeádáin agus pacáistíocht i láthair in éineacht le hearraí den sórt sin, déanfar meáchan agus luach na gcoimeádán agus na pacáistíochta a chionroinnt, chun a meáchan indleachta nó a luach indleachta a chinneadh, i measc na n-earraí uile atá iontu, i gcomhréir le meáchan nó le luach na n-earraí sin.

F. Cóireáil fhabhrach taraife de bharr chineál na n-earraí

1. Faoi dhálaí áirithe, foráiltear maidir le cóireáil fhabhrach taraife de bharr chineál na n-earraí le haghaidh na n-earraí seo a leanas:

- earraí atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh,
- síolta,
- éadach boltálaithe, bíodh sé rédhéanta nó ná bíodh,
- cineálacha áirithe d'fhionchaora úra boird, tobac agus níotráite.

Cumhdaítear na hearraí sin le fo-cheannteidil ⁽¹⁾ in éineacht le fonóta tagartha sna téarmaí seo a leanas: 'Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo tá sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhórála.' nó 'Tá an chóireáil fhabhrach taraife seo faoi réir na bhfoirmiúlachtaí agus na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhórála, a chomhlíonadh'.

2. Liostaítear earraí atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh dá ndeonaítear cóireáil fhabhrach taraife de bharr a gcineáil in Iarscríbhinn 8 faoi threoir an cheannteidil a n-aicmítear fúthu iad in éineacht le tuairisc agus cainníochtaí na ndínádúrúcháin a úsáidtear. Toimhdeofar na hearraí sin a bheith mí-oiriúnach lena gcaitheamh nuair a dhéanfar na hearraí atá le dínádúrú agus na dínádúrúcháin a mheascadh go haonchineálach agus nach bhfuil sé inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
3. Aicmeofar na hearraí a liostaítear thíos sna ceannteidil iomchuí maidir le síolta nó maidir le hearraí atá le cur, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na hearraí forálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh:

- maidir le harbhar milis, speilt, grán buí hibrídeach, rís agus sorgam (Treoir 66/402/CEE ón gComhairle ⁽²⁾),
- maidir le prátaí síl (Treoir 2002/56/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 ⁽³⁾),
- maidir le holashíolta agus torthaí olúla (Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 ⁽⁴⁾).

Nuair is amhlaidh gur de chineál iad arbhar milis hibrídeach, speilt, grán buí hibrídeach, rís, sorgam hibrídeach nó olashíolta agus torthaí olúla nach infheidhme na forálacha talmhaíochta maidir leo, deonófar cóireáil fhabhrach taraife de bharr a gcineáil, ar choinníoll go suífearan bhfuil na hearraí le cur le fírinne.

4. Deonaítear cóireáil fhabhrach taraife d'éadach boltálaithe, nach bhfuil rédhéanta, ar choinníoll go mbeidh marcáil dhoscrista déanta ar na hearraí ar bhealach lena sainaitheofar iad mar éadach a bheartaítear le haghaidh a bholtáilte nó chun críocha tionsclaíocha comhchosúla.
3507 10 00	- Binide agus tiúcháin díobh	6,3	—
3507 90	- eile:		
3507 90 30	-- Liopáis lipeapróitéin; próitéais alcaileach aspergillus	Díolúine	—
3507 90 90	-- eile	6,3	—

CAIBIDIL 36

PLÉASCÁIN; TÁIRGÍ PIRITEICNIÚLA; LASÁIN; CÓIMHIOTAIL PHIREAFÓRACHA; ULLMHÓIDÍ ÁIRITHE INDÓITE

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo comhdhúile aonraithe atá sainithe ó thaobh ceimice de seachas iad siúd a dtugtar tuairisc orthu i nóta 2(a) nó (b) thíos.
2. Níl feidhm ag an téarma 'earraí d'ábhair indóite' i gceannteideal 3606 ach amháin maidir leis na cásanna seo a leanas:
 - a) meataildéad, heicsimeitiléinteatraimín agus substaintí comhchosúla, atá curtha i láthair i bhfoirmeacha (mar shampla, táibléid, cipíní nó foirmeacha comhchosúla) lena n-úsáid mar bhreoslaí; breoslaí a bhfuil bunús alcóil iontu, agus breoslaí comhchosúla ullmhaithe, i bhfoirm sholadach nó leathsholadach;
 - b) breoslaí leachtacha nó i bhfoirm gáis leachtaithe i ngabhdáin de chineál a úsáidtear chun lastóirí toitíní nó comhchosúla a líonadh nó a athlíonadh agus de thoilleadh nach mó ná 300 cm³; agus
 - c) tóirsí roisín, agus a leithéidí.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3601 00 00	Púdair thiomántacha	5,7	—
3602 00 00	Pléascáin ullmhaithe eile, seachas púdair thiomántacha	6,5	—
3603	Fiúsanna sábháilteachta; corda maidhmithe; caipíní buailte nó maidhmithe; adhainteoirí; maidhmitheoirí leictreacha:		
3603 10 00	– Aidhníní sábhála	6	—
3603 20 00	– Cordaí madhmtha	6	—
3603 30 00	– Caipíní forbhuailte	6,5	—
3603 40 00	– Caipíní maidhmithe	6,5	—
3603 50 00	– Adhainteoirí	6,5	—
3603 60 00	– Maidhmitheoirí leictreacha	6,5	—
3604	Tinte ealaíne, bladhmanna comharthaíochta, roicéid báistí, ceo-chomhartha agus earraí piriticniúla eile:		
3604 10 00	– Tinte ealaíne	6,5	—
3604 90 00	– eile	6,5	—
3605 00 00	Lasáin, seachas earraí piriticniúla eile faoi cheannteideal 3604	6,5	—
3606	Fearóiceriam agus cóimhiotail phioreafóiracha i ngach foirm; earraí d'ábhair indóite mar atá sonraithe i nóta 2 a ghabhann leis an gcaibidil seo:		
3606 10 00	– Breoslaí leachtacha nó i bhfoirm gáis lechtaithe i ngabhdáin de chineál a úsáidtear chun lastóirí toitíní nó comhchosúla a líonadh nó a athlíonadh agus de thoilleadh nach mó ná 300 cm ³	6,5	—
3606 90	– eile:		
3606 90 10	-- Fearóiceriam agus cóimhiotail phioreafóiracha i ngach foirm	6	—
3606 90 90	-- eile	6,5	—

CAIBIDIL 37

EARRAÍ FÓTAGRAFACHA NÓ CINEAMATAGRAFACHA

Nótaí

1. Ní chumhdaítear dramhaíl ná fuíoll leis an gcaibidil seo.
2. Sa Chaibidil seo baineann an focal 'fótagrafach' leis an bpróiseas lena bhfoirmítear íomhánna infheicthe, go díreach nó go hindíreach, le himoibriú solais nó foirmeacha eile radaíochta ar dhromchlaí fótamhothálacha, lena n-áirítear iad siúd atá teirmeamhothálach.

Nótaí ceannteidil

1. I gcás scannáin fuaime atá allmhairithe in dhá bhanda (banda a bhfuil na híomhánna amháin air agus an banda a úsáidtear chun an fhuaim a thairfeadh), tá gach banda le rangú faoina cheannteideal iomchuí.
2. Maidir leis an abairt 'spóil nuachta' (fo-cheannteideal 3706 90 52) táthar le glacadh leis go bhfuil feidhm aige maidir le scannáin atá níos lú ná 330 m ar fad agus ina léirítear cúrsaí reatha de chineál polaitiúil, spórtúil, míleata, eolaíoch, liteartha, béaloidis, turasóireachta, sochaí, srl.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3701	Plátaí fótagrafacha agus scannán fótagrafacha i bhfoirm chomhréidh, iad íograithe, neamhnochtaithe, déanta as aon ábhar seachas páipéar, cairtchlár nó teicstílí; scannán inphriontáilte ar an toirt i bhfoirm chomhréidh, iad íograithe, neamhnochtaithe, bídis i bpacáistí nó ná bídis:		
3701 10 00	– le haghaidh X-ghathuithe	6,5	m ²
3701 20 00	– Scannán inphriontáilte ar an toirt	6,5	p/st
3701 30 00	– Plátaí agus scannáin eile ar faide ná 255 mm aon taobh díobh	Díolúine	m ²
	– eile:		
3701 91 00	-- le haghaidh fótagrafaíocht dhaite (polachróim)	6,5	—
3701 99 00	-- eile	Díolúine	—
3702	Scannán fótagrafach i bhfoirm rollaí, iad íograithe, neamhnochtaithe, d'aon ábhar seachas páipéar, cairtchlár nó teicstílí; scannán inphriontáilte ar an toirt i bhfoirm rollaí, iad íograithe, neamhnochtaithe:		
3702 10 00	– le haghaidh X-ghathuithe	6,5	m ²
	– Scannáin eile, gan pholladh, nach mó ná 105 mm ar leithead:		
3702 31	-- le haghaidh fótagrafaíocht dhaite (polachróim):		
3702 31 91	--- Scannáin chlaonchló dhaite: — atá 75 mm nó níos mó, ach nach mó ná 105 mm, ar leithead agus — atá 100 m nó níos mó ar fad chun pacáistí scannán pictiúr ar an toirt a mhonarú ⁽¹⁾	Díolúine	m
3702 31 97	--- eile	6,5	m
3702 32	-- eile, ar a bhfuil eibleacht háilíde airgid: --- Nach mó ná 35 mm ar leithead:		
3702 32 10	---- Micreascannáin; scannáin le haghaidh na n-ealaíon grafach	6,5	—

(¹) Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinneíochta a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1)).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3702 32 20	---- eile	5,3	—
3702 32 85	--- Is mó ná 35 mm ar leithead	6,5	—
3702 39 00	-- eile	6,5	—
	– Scannáin eile, gan pholladh, nach mó ná 105 mm ar leithead:		
3702 41 00	-- Is mó ná 610 mm ar leithead agus is mó ná 200 m ar fad, le haghaidh fótagrafaíocht dhaite (polachróim)	6,5	m ²
3702 42 00	-- Is mó ná 610 mm ar leithead agus is mó ná 200 m ar fad, seachas le haghaidh fótagrafaíocht dhaite	6,5	m ²
3702 43 00	-- is mó ná 610 mm ar leithead agus nach mó ná 200 m	6,5	m ²
3702 44 00	-- Is mó ná 105 mm, ach nach mó ná 610 mm, ar leithead	6,5	m ²
	– Scannáin eile, le haghaidh fótagrafaíocht dhaite (polachróim):		
3702 52 00	-- Nach mó ná 16 mm ar leithead	5,3	—
3702 53 00	-- Is mó ná 16 mm, ach nach mó ná 35 mm, ar leithead agus nach mó ná 30 m ar fad, le haghaidh sleamhnán	5,3	p/st
3702 54 00	-- Is mó ná 16 mm, ach nach mó ná 35 mm, ar leithead agus nach mó ná 30 m ar fad, seachas le haghaidh sleamhnán	5	p/st
3702 55 00	-- Is mó ná 16 mm ach nach mó ná 35 mm ar leithead agus is mó ná 30 m ar fad	5,3	m
3702 56 00	-- Is mó ná 35 mm ar leithead	6,5	—
	– eile:		
3702 96	-- is mó ná 35 mm ar leithead agus nach mó ná 30 m ar fad:		
3702 96 10	--- Micreascannáin; scannáin le haghaidh na n-ealaíon grafach	6,5	—
3702 96 90	--- eile	5,3	p/st
3702 97	-- is mó ná 35 mm ar leithead agus is mó ná 30 m ar fad:		
3702 97 10	--- Micreascannáin; scannáin le haghaidh na n-ealaíon grafach	6,5	—
3702 97 90	--- eile	5,3	m
3702 98 00	-- Is mó ná 35 mm ar leithead	6,5	—
3703	Páipéar agus cairtchlár fótagrafach agus teicstílí fótagrafacha, iad íograithe, neamhnochtaithe:		
3703 10 00	– I bhfoirm rollaí is mó ná 610 mm ar leithead	6,5	—
3703 20 00	– eile, le haghaidh fótagrafaíocht dhaite (polachróim)	6,5	—
3703 90 00	– eile	6,5	—
3704 00	Plátaí, scannáin, páipéar, cairtchlár agus teicstílí fótagrafacha, iad nochtaithe ach gan forbairt:		
3704 00 10	– Plátaí agus scannáin	Díolúine	—
3704 00 90	– eile	6,5	—
3705 00	Plátaí agus scannáin fhótagrafacha, iad nochtaithe agus forbartha, seachas scannáin chineamatagrafacha:		
3705 00 10	– le haghaidh atáirgeadh seach-churtha	5,3	—
3705 00 90	– eile	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3706	Scannáin chineamatagrafacha, iad nochtaithe agus forbartha, bíodh fuaimrian ionchorpraithe iontu nó ná bíodh nó bíodh nach bhfuil iontu ach an fuaimrian:		
3706 10	– atá 35 mm nó níos mó ar leithead:		
3706 10 20	-- Nach bhfuil iontu ach fuaimrian; claonchlónna; dearbhchlónna idirmheánacha	Díolúine	m
3706 10 99	-- Dearbhchlónna eile	6,5 ⁽¹⁾	m
3706 90	– eile:		
3706 90 52	-- Nach bhfuil iontu ach fuaimrian; claonchlónna; dearbhchlónna idirmheánacha; spóil nuachta	Díolúine	m
	-- eile:		
3706 90 91	--- iad níos lú ná 10 mm ar leithead	Díolúine	m
3706 90 99	--- iad 10 mm nó níos mó ar leithead	5,4 ⁽²⁾	m
3707	Ullmhóidí ceimiceacha le haghaidh úsáidí fótagrafacha (seachas vearnaisí, gliúnna, greamacháin agus ullmhóidí comhchosúla); táirgí neamh-mheasctha le haghaidh úsáidí fótagrafacha atá curtha i láthair ina sciartha tomhaiste nó atá curtha ar miondíol i bhfoirm atá réidh le húsáid:		
3707 10 00	– Eibleachtaí íograitheacha	6	—
3707 90	– eile:		
3707 90 20	-- Forbróirí agus fosaitheoirí	Díolúine	—
3707 90 90	-- eile	Díolúine	—

⁽¹⁾ Ráta uathrialach dleachta: 5 €/100 m.

⁽²⁾ Ráta uathrialach dleachta: 3,5 €/100 m.

CAIBIDIL 38

TÁIRGÍ CEIMICEACHA ILGHNÉITHEACHA

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:
 - a) dúile ar leithligh ó thaobh ceimice de nó comhdhúile seachas dúile atá faoi cheannteideal:
 - 1) graifít shaorga (ceannteideal 3801);
 - 2) feithidicídí, creimircídí, fungaicídí, luibhicídí, táirgí frithphéactha agus rialaitheoirí fáis plandaí, díghalráin agus táirgí comhchosúla atá curtha i láthair mar a thuairiscítear i gceannteideal 3808;
 - 3) táirgí atá curtha i láthair mar lánáin le haghaidh múchtóirí dóiteáin nó atá curtha i láthair mar ghránáidí lánáinmúchta dóiteáin (ceannteideal 3813);
 - 4) ábhair thagartha dheimhnithe mar a shonraítear i nóta 2 thíos;
 - 5) táirgí a shonraítear i nóta 3(a) nó 3(c) thíos;
 - b) meascáin cheimiceán le hearraí bia nó substaintí eile le luach cothaitheach de chineál a úsáidtear san ullmhóid earraí bia lena gcaitheamh ag an duine (go ginearálta, ceannteideal 2106);
 - c) táirgí faoi cheannteideal 2404;
 - d) Slaig, luaith agus iarmhair (seachas ó mhonarú iarainn nó cruaiche) ina bhfuil miotail, arsanaic nó meascáin díobh agus lena gcomhlíontar na ceanglais Nóta 3(a) nó 3(b) go Caibidil 26 (ceannteideal 2620);
 - e) Íoca leighis (ceannteideal 3003 nó 3004); nó
 - f) catailigh spónta de chineál a úsáidtear le haghaidh eastóscaire de tháirmhiotal nó le haghaidh ullmhú comhdhúile ceimiceacha de tháirmhiotal (ceannteideal 2620), catailigh spónta de chineál a úsáidtear go príomha chun miotal lómhar a athghnóthú (ceannteideal 7112) nó catailigh arb é atá iontu miotal nó púdair chóimhiotail i bhfoirm mar shampla, púdar míndéalaithe nó uige fite (Roinn XIV nó XV).
2. A) Chun críocha cheannteideal 3822, ciallaíonn an abairt ‘ábhair thagartha dheimhnithe’ ábhair thagartha a bhfuil deimhniú ag gabháil leo a léiríonn luachanna na n-airíonna dheimhnithe, na modhanna a úsáideadh chun na luachanna sin a chinneadh agus leibhéal cinnteachta na n-éifeachtaí a bhaineann le gach luach agus atá oiriúnach le haghaidh cuspóirí anailíseacha, cabhrúcháin nó tagartha.
B) le heisceacht do táirgí atá faoi Chaibidil 28 nó 29 le haghaidh aicmiú d’ábhair thagartha dheimhnithe, ceannteideal 3822 beidh tosaíocht ar ceannteideal ar gach ceannteideal eile san ainmníocht.
3. I gceannteideal 3824 áirítear na hearraí seo a leanas nach bhfuil le haicmiú in aon cheannteideal eile san ainmníocht:
 - a) criostail shaothraithe (seachas eilimintí optúla) nach lú an meáchan iontu ná 2.5 g an ceann, d’ocsaíd mhaighnéisiam nó de hailídí na miotal alcaile nó na miotal cré-alcaileach;
 - b) ola breosla; ola Dippel;
 - c) i bpácaistí lena miondíol;

- d) stionsail ceartaitheoirí, leachtanna ceartaitheacha eile agus téipeanna ceartúcháin (seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 9612), atá cóirithe lena miondíol; agus
- e) tástálaithe lámhaigh ceirmeacha, iad in-chomhleáite (mar shampla, buaircíní Seger).
4. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn 'dramhaíl chathrach'dramhaíl de chineál a bhailítear ó theaghlaigh, ó óstáin, ó bhialanna, ó ospidéal, ó shiopaí, ó oifig, etc. cosamar bóithre agus pábhála, chomh maith le dramhaíl tógála agus scartála. Is iondúil go mbíonn réimse leathan ábhar i ndramhaíl chathrach amhail plaistigh, rubar, adhmaid, páipéar, teicstílí, gloine, miotail, ábhair bhia, troscán briste agus earraí damáistithe nó cuileáilte eile. Ní chumhdaítear an téarma 'dramhaíl chathrach':
- a) Ábhair aonair nó nithe arna scaradh ón dramhaíl, mar shampla dramhaíl plaisteach, rubair, adhmaid, pháipéir, teicstílí, gloine nó miotal, dramhaíl agus draimh leictreacha nó leictreonacha (lena n-áirítear ceallraí spíonta) atá faoi cheannteidil iomchuí na hainmníochta;
- b) dramhaíl thionsclaíoch;
- c) fuíollchógais mar a shonraítear i nóta 4(k) a ghabhann le Caibidil 30; nó
- d) dramhaíl chliniciúil, mar a shonraítear i nóta 6(a) thíos.
5. Chun críocha cheannteideal 3825 ciallaíonn 'sloda séarachais' sloda a eascraíonn as cóireáil fuíolluisce uirbeach agus áirítear leis dramhaíl réamhchóireála, sciúradh agus sloda neamhchobhsaithe. Eisiatar Sloda cobhsaithe nuair is oiriúnach a n-úsáid mar leasacháin (Caibidil 31).
6. Chun críocha cheannteideal 3825, baineann an abairt 'dramhaíola de chineálacha eile' úsáid as:
- a) dramhaíl chliniciúil, eadhon dramhaíl éillithe a eascraíonn as taighde, diagnóis, cóireáil leighis nó gnáthaimh eile leighis, máinliachta, déidliachta nó tréidliachta, inar minic a bhíonn pataiginí agus substaintí cógaisíochta agus a dteastaíonn gnáthaimh diúscartha speisialta ina leith (mar shampla, cóirithe salaithe, lámhainní úsáidte agus steallairí úsáidte);
- b) tuaslagóirí orgánacha dramhaíola;
- c) dramhaíl ó licéir phicile miotail, sreabháin hídhrálacha, leachtanna coscán agus sreabháin fhrithreo; agus
- d) dramhaíl eile ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara.
- Ní chumhdaíonn an abairt 'dramhaíola de chineálacha eile', dramhaíola a bhfuil olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (ceannteideal 2710).
7. Chun críocha cheannteideal 3826, ciallaíonn an téarma 'bithdhíosal' eistir mhona-aicile aigéad sailleach de chineál a úsáidtear mar bhreosla, rud a dhíorthaítear ó shailte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha, bíodh úsáid bainte astu nó ná bíodh.

Nótaí faoi na fo-cheannteidil

1. le fo-cheannteidil 3808 52 agus 3808 59 ní chumhdaítear ach earraí atá faoi cheannteideal 3808, ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na substaintí seo a leanas: alaclór (ISO); aildíocarb (ISO); aildrin (ISO); aisionfos-meitil (ISO); dénapaicril (ISO); camfaclór (ISO) (tocsaiféin); captafól (ISO); carbaifúrán (ISO); clórdán (ISO); clóirdhémheafóim (ISO); clóraibeinsílate (ISO); DDT (ISO) (clóifeineatán (INN), 1,1,1-tríchlóra-2,2-bis(p-clóraifeinil)eatán); díldrín (ISO, INN); 4,6-dénítrea-o-créasól (DNOC (ISO)) nó a shalainn; déiniseib (ISO), a shalainn nó a heistir; ionsulfán (ISO); débhróimíd eitiléine (ISO) (1,2 débhróimeatán); déchlóiríd eitiléine (ISO) (1,2 déchlóireatán); fluaraicéatamíd (ISO); heipteaclór (ISO); heicseaclóraibeinséin (ISO); 1,2,3,4,5,6-heicseaclóraicloglaíheacsán (HCH (ISO)), lena n-áirítear liondán (ISO, INN); comhdhúile mearcair; meataimídeafos (ISO); monacrótafos (ISO); ocsaíorán (ocsaíd eitiléine); paraitíon (ISO); paraitíon-meitil (ISO) (meitil-paraitíon); peinteaclóraifeanól (ISO), a shalainn nó a eistir; aigéad sulfónach sárfluaroachtáin agus a shalainn; sulfónaimídí sárfluaroachtáin; fluairíd sulfónile sárfluaroachtáin; fosfaimíodón (ISO); 2,4,5-T (ISO) (aigéad 2,4,5-tríchlóraifeanocsaicéiteach), a shalainn nó a eistir; comhdhúile tríbhúitiltine; tríchlórfón (ISO).

2. le ceanteidil 3808 61 go 3808 69 ní chumhdaítear ach earraí atá faoi cheanteideal 3808 a bhfuil alfa-cipirmeitran (ISO) beindécharb (ISO) défheintrin (ISO), clóirfeinipir (ISO), ciafluitrin (ISO), deiltemheitrin (INN, ISO) eitifeanprocs (INN), feinítritiún (ISO), lambda-ciahalaitrin (ISO), malaitian (ISO), pirimeafos-meitil (ISO) nó própocsúr (ISO).
3. le ceanteidil 3824 81 go 3824 89 ní chumhdaítear ach meascáin agus ullmhóidí ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na substaintí seo a leanas : ocsaíorán (ocsaíd eililéine); défheinilí polabróimínithe (PBBanna); défheinilí polaclóirínithe (PCBanna); trífheinilí polaclóirínithe (PCTanna); fosfáit tris(2,3- débhrómapróipil); aildrin (ISO); camfaclór (ISO) (tocsaiféin); clórdán (ISO); clóirdeacón (ISO); DDT (ISO) (clóifeineatán (INN); 1,1,1-tríchlóra-2,2-bis(p-clóirafeinil)eatán); díldrin (ISO, INN); ionsulfán (ISO); eindrin (ISO); heipteacate (ISO); miréis (ISO); 1,2,3,4,5,6-heicseaclóraicioglaieacsán (HCH (ISO)), lena n-áirítear liondán (ISO, INN); peinteaclóraibeinséin (ISO); heicseaclóraibeinséin (ISO); aigéad sulfónach sárflhuarochtáin, a shalainn; sulfónaimídí sárflhuarochtáin; fluairíd sulfóinile sárflhuarochtáin; éitir theitrea-, pheintea-, heicsea-, heiptea- nó ochtabrómaidéfhéinile; pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha.
- Maidir le pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha, is meascáin de chomhdhúile iad ag a bhfuil céim chlóiríníúcháin is mó ná 48 % de réir meáchain, ag a bhfuil an fhoirmle mhóilíneach seo a leanas: $(C)_xH_{(2x-y+2)}Cl_y$, i gcás ina bhfuil $x=10 - 13$ agus ina bhfuil $y= 1 - 3$.
4. Chun críocha cheanteideal 3825 41 agus 3825 49, is dramhaíl iad ‘tuaslagóirí orgánacha dramhaíola’ ina bhfuil tuaslagóirí orgánacha don chuid is mó nach bhfuil oiriúnach d’úsáid bhreise mar a chuirtear i láthair iad mar tháirgí príomhúla bíodh sé le haghaidh théarnamh na dtuaslagóirí nó ná bíodh.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3801	Graifít shaorga; graifít chollóideach nó leathchollóideach; ullmhóidí atá bunaithe ar ghraifít nó ar charbón eile i bhfoirm leafaos, bloc, plátaí nó ábhar eile leathmhonaraithe:		
3801 10 00	– Graifít shaorga	3,6	—
3801 20	– Graifít chollóideach nó leathchollóideach:		
3801 20 10	-- Graifít chollóideach ar fuaidreamh in ola; graifít leathchollóideach; leathchollóideach	6,5	—
3801 20 90	-- eile	4,1	—
3801 30 00	– Leafaois charbónúla le haghaidh leictreoidí agus leafaois chomhchosúla le haghaidh líneáil foirméisí	5,3	—
3801 90 00	– eile	3,7	—
3802	Carbón gníomhachtaithe; táirgí mianraí aiceanta gníomhachtaithe; cnámhghualach, lena n-áirítear cnámhghualach caíte:		
3802 10 00	– Carbón gníomhachtaithe	3,2	—
3802 90 00	– eile	5,7	—
3803 00	Róisín leachtach, bíodh sé scagtha nó ná bíodh:		
3803 00 10	– De chineál amh	Díolúine	—
3803 00 90	– eile	4,1	—
3804 00 00	Buac iarmharach ó mhonarú láin adhmaid, bíodh sí tiubhaithe, díshiúcraithe nó cóireáilte le ceimiceán nó ná bíodh, lena n-áirítear sulfónáití lignine, ach gan róisín leachtach atá faoi cheanteideal 3803 ...	5	—
3805	Olaí tuirpintín guma, adhmaid nó sulfáite agus olaí teirpéineacha eile a tháirgtear trí adhmaid bhuaircíneacha a dhriogadh nó a chóireáil ar bhealach eile; dépheintéin amh; tuirpintín sulfáite agus paraciméiní amha eile; ola péine inarb é alfa-teirpiné-ól an príomh-chomhábhar:		
3805 10	– Olaí tuirpintín guma, adhmaid nó sulfáite:		
3805 10 10	-- Tuirpintín guma	4	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3805 10 30	-- Tuirpintín adhmaid	3,7	—
3805 10 90	-- Tuirpintín sulfáite	3,2	—
3805 90	– eile:		
3805 90 10	-- Ola péine	3,7	—
3805 90 90	-- eile	3,4	—
3806	Róisín agus aigéid roisín, agus díorthaigh díobh; biotáillí roisín agus olaí roisín; gumaí reatha:		
3806 10 00	– Róisín agus aigéid roisín	5	—
3806 20 00	– Salainn roisín, salainn ó aigéid roisín nó ó dhíorthaigh de roisín nó d'aigéid roisín, seachas salainn ó aduchtanna roisín	4,2	—
3806 30 00	– Gumaí eistir	6,5	—
3806 90 00	– eile	4,2	—
3807 00	Tarra adhmaid; olaí tarra adhmaid; créasóid adhmaid; nafta adhmaid; pic ghlasrúil; pic ghrúdaireachta agus ullmhóidí comhchosúla atá bunaithe ar roisín, ar aigéid roisín nó ar phic ghlasrúil:		
3807 00 10	– Tarra adhmaid	2,1	—
3807 00 90	– eile	4,6	—
3808	Feithidicídí, creimircídí, fungaicídí, luibhicídí, táirgí frithphéactha agus rialaitheoirí fáis plandaí, díghalráin agus táirgí comhchosúla a chóirítear i bhfoirmeacha nó i bpacáistí lena miondíol nó mar ullmhóidí nó mar earraí (mar shampla, bandaí, buacais agus coinnle sulfarchóirithe, agus cuilpháipéir):		
	– Earraí a shonraítear i nóta fo-cheannteidil 1 a ghabhann leis an gCaibidil seo:		
3808 52 00	-- DDT (ISO) (clóifeineatán (INN)) i bpacáistithe nach mó ná 300 g an glanmheáchan atá iontu	6	—
3808 59 00	-- eile	6	—
	– Earraí a shonraítear i nóta fo-cheannteidil 2 a ghabhann leis an gCaibidil seo:		
3808 61 00	-- iad i bpacáistithe nach mó ná 300 g an glanmheáchan atá iontu	6	—
3808 62 00	-- iad i bpacáistithe ar mó ná 300 g ach nach mó ná 7,5 kg an glanmheáchan atá iontu	6	—
3808 69 00	-- eile	6	—
	– eile:		
3808 91	-- Feithidicídí:		
3808 91 10	--- iad bunaithe ar phireatróidí	6	—
3808 91 20	--- iad bunaithe ar hidreacarbóin chlóirínithe	6	—
3808 91 30	--- iad bunaithe ar charbamáití	6	—
3808 91 40	--- iad bunaithe ar chomhdhúile orgánafosfair	6	—
3808 91 90	--- eile	6	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3808 92	-- Fungaicídí:		
	---- De chineál neamhorgánach:		
3808 92 10	----- Ullmhóidí atá bunaithe ar chomhdhúile copair	4,6	—
3808 92 20	----- eile	6	—
	---- eile:		
3808 92 30	----- iad bunaithe ar dhéthiacarbamáití	6	—
3808 92 40	----- iad bunaithe ar bheinsimíodasóil	6	—
3808 92 50	----- iad bunaithe ar dhé-asóil nó ar thrí-asóil	6	—
3808 92 60	----- iad bunaithe ar dhé-aisíní nó ar mhorfóilíní	6	—
3808 92 90	----- eile	6	—
3808 93	-- Luibhicídí, táirgí frithphéactha agus rialaitheoirí fáis plandaí:		
	---- Luibhicídí:		
3808 93 11	----- iad bunaithe ar fhíteahormóin fheanocsacha	6	—
3808 93 13	----- iad bunaithe ar thrí-aisíní	6	—
3808 93 15	----- iad bunaithe ar aimídí	6	—
3808 93 17	----- iad bunaithe ar charbamáití	6	—
3808 93 21	----- iad bunaithe ar dhíorthaigh déniotranailíní	6	—
3808 93 23	----- iad bunaithe ar dhíorthaigh úiré, úraicile nó sulfóiniolúiréithe	6	—
3808 93 27	----- eile	6	—
3808 93 30	---- Táirgí frithphéactha	6	—
3808 93 90	---- Rialaitheoirí fáis plandaí	6,5	—
3808 94	-- Díghalráin:		
3808 94 10	---- iad bunaithe ar shalainn amóniam cheathartha	6	—
3808 94 20	---- iad bunaithe ar chomhdhúile halaiginithe	6	—
3808 94 90	---- eile	6	—
3808 99	-- eile:		
3808 99 10	---- Creimircídí	6	—
3808 99 90	---- eile	6	—
3809	Oibreáin bhailchríche, iompróirí ruaimeanna chun dlús a chur leis an ruaimeán nó le daingniú na ruaimeachán agus táirgí eile agus ullmhóidí eile (mar shampla, cóirithe agus buanaitheoirí), de chineál a úsáidtear sa tionscal teicstíle, páipéir nó leathair nó i dtionscail chomhchosúla, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile:		
3809 10	— iad bunaithe ar shubstaintí amaláiseacha:		
3809 10 10	-- ina bhfuil, de réir meáchain, níos lú ná 55 % substaintí den sórt sin	8,3 + 8,9 €/100 kg/ net MAX 12,8	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3809 10 30	-- ina bhfuil, de réir meáchain, 55 % nó níos mó ach níos lú ná 70 % substaintí den sórt sin	8,3 + 12,4 €/100 kg/net MAX 12,8	—
3809 10 50	-- ina bhfuil, de réir meáchain, 70 % nó níos mó ach níos lú ná 83 % substaintí den sórt sin	8,3 + 15,1 €/100 kg/net MAX 12,8	—
3809 10 90	-- ina bhfuil, de réir meáchain, 83 % nó níos mó substaintí den sórt sin	8,3 + 17,7 €/100 kg/net MAX 12,8	—
	- eile:		
3809 91 00	-- De chineál a úsáidtear sa tionscal teicstíle nó i dtionscail chomhchosúla	6,3	—
3809 92 00	-- De chineál a úsáidtear sa tionscal páipéir nó i dtionscail chomhchosúla	6,3	—
3809 93 00	-- De chineál a úsáidtear sa tionscal leathair nó i dtionscail chomhchosúla	6,3	—
3810	Ullmhóidí picile miotail; floscanna agus ullmhóidí cúnata eile le haghaidh sádrála, prásála nó táthú; púdair agus taois sádrála, phrásála nó tháthúcháin ina bhfuil miotal agus ábhair eile; ullmhóidí de chineál a úsáidtear mar chroíthe nó mar bhratú le haghaidh leictreoidí nó slata táthúcháin:		
3810 10 00	- Ullmhóidí picile miotail; púdair agus taois sádrála, phrásála nó tháthúcháin ina bhfuil miotal agus ábhair eile	6,5	—
3810 90	- eile:		
3810 90 10	-- Ullmhóidí de chineál a úsáidtear mar chroíthe nó mar bhratú le haghaidh leictreoidí agus slata táthúcháin	4,1	—
3810 90 90	-- eile	5	—
3811	Ullmhóidí frithchnagarnaí, coscairí ocsaídiúcháin, coscairí guma, feabhsaitheoirí slaodachta, ullmhóidí frithchreimneacha agus breiseáin ullmhaithe eile, le haghaidh olaí mianra (lena n-áirítear gásailín) nó le haghaidh leachtanna eile a úsáidtear chun na gcríoch céanna a n-úsáidtear olaí mianra chucu:		
	- Ullmhóidí frithchnagarnaí:		
3811 11	-- iad bunaithe ar chomhdhúile luaidhe:		
3811 11 10	--- iad bunaithe ar luaidhe theitretile	6,5	—
3811 11 90	--- eile	5,8	—
3811 19 00	-- eile	5,8	—
	- Breiseáin le haghaidh olaí bealaithe:		
3811 21 00	-- ina bhfuil olaí peitriiliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí bitiúmanacha	5,3	—
3811 29 00	-- eile	5,8	—
3811 90 00	- eile	5,8	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3812	Brostaitheoirí rubair ullmhaithe; plaisteacháin chomhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile; ullmhóidí frith-ocsaídiúcháin agus cobhsaitheoirí eile comhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach:		
3812 10 00	– Brostaitheoirí rubair ullmhaithe	6,3	—
3812 20	– Plaisteacháin chomhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach:		
3812 20 10	-- Meascán imoibriúcháin ina bhfuil táláit bheinsile 3-iseabúitirioloosa-1-iseapróipil-2,2-déimheitiolpróipile agus táláit bheinsile 3-iseabúitirioloosa-2,2,4-trímheitiolpeintile	Díolúine	—
3812 20 90	-- eile	6,5	—
	– Ullmhóidí frith-ocsaídiúcháin agus cobhsaitheoirí eile comhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach:		
3812 31 00	-- Meascáin d'olagaiméirí de 2,2,4-trímheitiol-1,2-déhidreacuineoilín (TMQ)	6,5	—
3812 39	-- eile:		
3812 39 10	--- Ullmhóidí frith-ocsaídiúcháin	6,5	—
3812 39 90	--- eile	6,5	—
3813 00 00	Ullmhóidí agus lánáin do mhúchtóirí dóiteáin; gránáidí múchta dóiteáin	6,5	—
3814 00	Tuaslagóirí agus caolaitheoirí comhchodacha orgánacha nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ullmhóidí díothaithe péinte nó vearnaice:		
3814 00 10	– iad bunaithe ar aicéatáit bhúitile	6,5	—
3814 00 90	– eile	6,5	—
3815	Tionscnóirí imoibriúcháin, brostaitheoirí imoibriúcháin agus ullmhóidí catalaíocha, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile:		
	– Catalaigh faoi thacú:		
3815 11 00	-- Inarb í an nicil nó inar comhdhúile nicile í an tsubstaint ghníomhach	6,5	—
3815 12 00	-- Inar miotal lómhar nó comhdhúile de mhiotail lómhara í an tsubstaint ghníomhach	6,5	—
3815 19	-- eile:		
3815 19 10	--- Catalaigh i bhfoirm gráinní nach mó ná 10 micriméadar iad na cáithníní atá i 90 % nó níos mó díobh de réir meáchain, ina bhfuil meascán d'ocsaídí agus taca sileacáite maignéisiam faoi, ina bhfuil an méid seo a leanas de réir meáchain: — méid copair atá comhionann le 20 % nó is mó ná sin ach nach mó ná 35 % agus — méid biosmait atá comhionann le 2 % nó is mó ná sin ach nach mó ná 3 %, agus ina bhfuil an dlús coibhneasta dealraitheach comhionann le 0,2 nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 1,0	Díolúine	—
3815 19 90	--- eile	6,5	—
3815 90	– eile:		
3815 90 10	-- Catalaigh ina bhfuil aicéatáit eiteltrífheiniolfosfóiniam i bhfoirm tuaslagán i meatánól	Díolúine	—
3815 90 90	-- eile	6,5	—
3816 00	Stroighín, moirtéal agus coincreít atá teasfhulangach, agus cumaisc chomhchosúla, seachas na táirgí atá faoi cheannteideal 3801:		

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3816 00 10	– Meascán pulctha dolaimíte	Díolúine	—
3816 00 90	– eile	2,7	—
3817 00	Ailcilbeinséiní measctha agus ailciolnaftailéiní measctha, seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 2707 nó 2902:		
3817 00 50	– Ailcilbeinséiní líneacha	6,3	—
3817 00 80	– eile	6,3	—
3818 00	Dúile ceimiceacha dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic, i bhfoirm dioscaí, nó sliseog nó i bhfoirmeacha comhchosúla; comhdhúile ceimiceacha dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic:		
3818 00 10	– Sileacan dópáilte	Díolúine	—
3818 00 90	– eile	Díolúine	—
3819 00 00	Sreabháin coscán hidrálach agus leachtanna eile ullmhaithe le haghaidh traiseoladh hidrálach nach bhfuil olaí peitriiliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí bitiúmanacha iontu nó ina bhfuil, de réir meáchain, níos lú ná 70 % de na holaí sin	6,5	—
3820 00 00	Ullmhóidí frithreo agus sreabháin dí-oighrithe ullmhaithe	6,5	—
3821 00 00	Meáin saothrúcháin ullmhaithe chun miocrorgánaigh (lena n-áirítear víris agus a leithéidí) nó cealla plandaí, daonna nó ainmhithe a fhorbairt nó a chothabháil	5	—
3822	Imoibreáin dhiagnóiseacha nó imoibreáin saotharlainne ar bhonn, imoibreáin dhiagnóiseacha nó saotharlainne, bídis ar bhonn nó ná bídis, seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 3006; ábhair thagartha dheimhnithe:		
	– Imoibreáin dhiagnóiseacha nó imoibreáin saotharlainne ar bhonn, imoibreáin dhiagnóiseacha nó saotharlainne, bídis ar bhonn nó ná bídis, bídis cóirithe i bhfoirm fearas nó ná bídis:		
3822 11 00	-- le haghaidh maláire	Díolúine	—
3822 12 00	-- le haghaidh Zika nó galair eile a tharchuirtear le muiscítí den ghéineas <i>Aedes</i>	Díolúine	—
3822 13 00	-- le haghaidh fuilghrúpála	Díolúine	—
3822 19 00	-- eile ⁽¹⁾	Díolúine	—
3822 90 00	– eile	Díolúine	—
3823	Aigéid shailleacha thionsclaíocha aoncharbocsaileacha; olaí aigéid ó athscagadh; alcóil shailleacha thionsclaíocha:		
	– Aigéid shailleacha thionsclaíocha aoncharbocsaileacha; olaí aigéid ó athscagadh:		
3823 11 00	-- Aigéad stéarach	5,1	—
3823 12 00	-- Aigéad oiléach	4,5	—
3823 13 00	-- Aigéid shailleacha ó róisín leachtach	2,9	—
3823 19	-- eile:		
3823 19 10	--- Aigéid shailleacha dhriogtha	2,9	—

(1) Cód staidrimh TARIC: féach Iarscríbhinn 10.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3823 19 30	--- Driogáit aigéid shailligh	2,9	—
3823 19 90	--- eile	2,9	—
3823 70 00	– Alcóil shailleacha thionsclaíocha	3,8	—
3824	Táthuithe ullmhaithe do mhúnlaí nó do chroíthe teilgcheartan; táirgí agus ullmhóidí ceimiceacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara (lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil meascáin de tháirgí nádúrtha), nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile:		
3824 10 00	– Táthuithe ullmhaithe do mhúnlaí nó do chroíthe teilgchearta	6,5	—
3824 30 00	– Cairbídí miotail neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le táthuithe miotalacha	5,3	—
3824 40 00	– Breiseáin ullmhaithe le haghaidh stroighne, moirtéil nó coincréite	6,5	—
3824 50	– Moirtéal agus coincréit neamh-theasfhulangach:		
3824 50 10	-- Coincréit atá réidh le doirteadh	6,5	—
3824 50 90	-- eile	6,5	—
3824 60	– Soirbítóil seachas soirbítóil atá faoi fho-cheannteideal 2905 44:		
	-- É i dtuaslagán uiscí:		
3824 60 11	--- ina bhfuil, de réir meáchain, 2 % nó níos lú D-mainníótól, arna ríomh de réir an chion D-glúicítóil	7,7 + 16,1 €/100 kg/net	—
3824 60 19	--- eile	9,6 + 37,8 €/100 kg/net ⁽¹⁾	—
	-- eile:		
3824 60 91	--- ina bhfuil, de réir meáchain, 2 % nó níos lú D-mainníótól, arna ríomh de réir an chion D-glúicítóil	7,7 + 23 €/100 kg/net	—
3824 60 99	--- eile	9,6 + 53,7 €/100 kg/net ⁽¹⁾	—
	– Earraí a shonraítear i nóta fo-cheannteidil 3 a ghabhann leis an gCaibidil seo:		
3824 81 00	-- ina bhfuil ocsaíorán (ocsaíd eitéiléine)	6,5	—
3824 82 00	-- ina bhfuil défheinilí polaclóirínithe (PCBanna), trífheinilí polaclóirínithe (PCTanna) nó défheinilí polabróimínithe (PBBanna)	6,5	—
3824 83 00	-- ina bhfuil fosfáit tris(2,3-débhromapróipile)	6,5	—
3824 84 00	-- ina bhfuil aildrin (ISO), camfaclóir (ISO) (tocsaiféin), clórdán (ISO), clóirdeacón (ISO), DDT (ISO) (clóifeineatán (ANI), 1,1,1-tríchlóirai-2,2-bios(p-clóirfeinil)eatán), díldrín (ISO, ANI), ionsulfán (ISO), eindrín (ISO), heipteaclóir (ISO) nó miréis (ISO)	6,5	—
3824 85 00	-- ina bhfuil 1,2,3,4,5,6-heicseaclóraicioglaieacsán (HCH (ISO)), lena n-áirítear líondán (ISO, ANI)	6,5	—
3824 86 00	-- ina bhfuil peinteaclóraibeinséin (ISO) nó heicseaclóraibeinséin (ISO)	6,5	—
3824 87 00	-- ina bhfuil aigéad sulfónach sárfluaroachtáin, a chuid salann, sulfónaimídí sárfluaroachtáin, nó fluairíd sulfóinile sárfluaroachtáin	6,5	—

⁽¹⁾ Ráta dleachta ad valorem arna laghdú go 9 % (fionraí uathrialach) go ceann tréimhse éiginnte.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3824 88 00	-- ina bhfuil éitir theitrea-, pheintea-, heicsea-, heiptea nó ochta-brómaidéfhéinile	6,5	—
3824 89 00	-- ina bhfuil pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha	6,5	—
	– eile:		
3824 91 00	-- Meascáin agus ullmhóidí arb é atá iontu go príomha meitiolfosfónáit mheitile (5-eitil-2-meitil-2-ocsaídi-1,3,2-dé-ocsafoosphaineán-5-yl)meitile agus meitiolfosfónáit bhis[(5-eitil-2-meitil-2-ocsaídi-1,3,2-dé-ocsafoosphinan-5-yl)meitile]	6,5	—
3824 92 00	-- Eistir pholaiglicóil aigéid mheitiofosfónaigh	6,5	—
3824 99	-- eile:		
3824 99 10	---- Sulfónáití peitriiliam, seachas sulfónáití peitriiliam ó mhiotail alcaile, ó amóiniam nó ó eatánólaimín; aigéid sulfónacha tíaanáite ó olaí a fhaightear as mianraí bhotúmanacha, agus a chuid salann	5,7	—
3824 99 15	---- Iannhalartóirí	6,5	—
3824 99 20	---- Faighteoirí d'fholúsfheadáin	6	—
3824 99 25	---- Pirlignítí (mar shampla, de chailciam); amhthartráit chailciam; amhchiotráit chailciam	5,1	—
3824 99 30	---- Aigéid naiftéineacha, a gcuid salann atá dothuaslagtha in uisce agus a n-eistir	3,2	—
	---- eile:		
3824 99 45	----- Comhdhúile frithchoirtithe agus comhdhúile comhchosúla	6,5	—
3824 99 50	----- Ullmhóidí le haghaidh na leictreaphlátála	6,5	—
3824 99 55	----- Meascáin de mhonai-, dé- agus trí-, eistir aigéad sailleach de ghliocról, (eiblitheoirí le haghaidh saille)	6,5	—
	----- Táirgí agus ullmhóidí le haghaidh úsáidí cógaisíochta nó máinliachta:		
3824 99 61	----- Táirgí idirmheánacha ón bpróiseas monaraíochta frithbheathach a fhaightear ó choipeadh <i>Streptomyces tenebrarius</i> , bídis triomaithe nó ná bídis, chun íoca leighis a mhonarú don duine atá faoi cheannteideal 3004 ⁽¹⁾	Díolúine	—
3824 99 62	----- Táirgí idirmheánacha as salainn mhonainsine a mhonarú	Díolúine	—
3824 99 64	----- eile	6,5	—
3824 99 65	----- Táirgí cúnta le haghaidh teilgcheártaí (seachas iad siúd atá faoi fhocheannteideal 3824 10 00)	6,5	—
3824 99 70	----- Ullmhóidí dódhíonta agus uiscdhíonta agus ullmhóidí cosanta comhchosúla a úsáidtear i dtionscal na tógála	6,5	—
	----- eile:		
3824 99 75	----- Sliseoga de niabáit litiam, iad neamhdhópáilte	Díolúine	—
3824 99 80	----- Meascán aimíní a fhaightear ó aigéid shailleacha dhémhéirithe ina bhfuil an meánmheáchan móilíneach combhionann le 520 nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 550	Díolúine	—
3824 99 85	----- 3-(1-Eitil-1-meitiolpróipil)iseacsasóil-5-ilimín, i bhfoirm tuaslagán i dtolúéin	Díolúine	—

(¹) Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1)).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3824 99 86	----- Meascáin arb é atá iontu go príomha meitiolfosfónáit démheitile, ocsaíorán agus peinte-ocsaíd défhosfair	6,5	—
3824 99 92	----- Táirgí nó ullmhóidí ceimiceacha atá déanta go príomha as comhdhúile orgánacha agus nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile:		
3824 99 92	----- I bhfoirm leachta ag 20 °C	6,5	—
3824 99 93	----- eile	6,5	—
3824 99 96	----- eile	6,5	—
3825	Táirgí iarmharacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; dramhaíl chathrach; sloda séarachais; dramhaíl eile a shonraítear i nóta 6 a ghabhann leis an gcaibidil seo:		
3825 10 00	– Dramhaíl chathrach	6,5	—
3825 20 00	– Sloda séarachais	6,5	—
3825 30 00	– Dramhaíl chliniciúil	6,5	—
	– Tuaslagóirí orgánacha dramhaíola:		
3825 41 00	-- Ar de chineál halaiginithe iad	6,5	—
3825 49 00	-- eile	6,5	—
3825 50 00	– Dramhaíl ó licéir picilte miotal, sreabháin hidrálacha, leachtanna coscán agus sreabháin frithreo	6,5	—
	– Dramhaíl eile ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara:		
3825 61 00	-- ina bhfuil comhábhair orgánacha go príomha	6,5	—
3825 69 00	-- eile	6,5	—
3825 90	– eile:		
3825 90 10	-- Ocsaíd iarainn alcaileach chun gás a íonú	5	—
3825 90 90	-- eile	6,5	—
3826 00	Bithdhíosal agus meascáin atá déanta as, nach bhfuil olaí peitriam nó olaí a fhaightear ó mhianraí bitíumanacha iontu nó ina bhfuil, de réir meáchain, níos lú ná 70 % de na holaí sin:		
3826 00 10	– Eistir mhona-aile aigéad sailleach ina bhfuil, de réir meáchain 96,5 % nó níos mó d'eistir (FAMAE)	6,5	—
3826 00 90	– eile	6,5	—
3827	Meascáin ina bhfuil díorthaigh halaiginithe de mheatán, d'eatán nó de phrópán, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile:		
	– ina bhfuil clórafluoracarbóin (CFCanna), bíodh hidreaclórafluoracarbóin (HCFCanna), sárfluoracarbóin (PFCanna) nó hidrefluoracarbóin (HFCanna) iontu nó ná bídis; ina bhfuil hidreabrómafluoracarbóin (HBFCCanna); ina bhfuil teitreaclóiríd charbóin; ina bhfuil 1,1,1-tríchlóireatán (clóraform meitile):		
3827 11 00	-- ina bhfuil clórafluoracarbóin (CFCanna), bíodh hidreaclórafluoracarbóin (HCFCanna), sárfluoracarbóin (PFCanna) nó hidrefluoracarbóin (HFCanna) iontu nó ná bídis	6,5	—
3827 12 00	-- ina bhfuil hidreabrómafluoracarbóin (HBFCCanna)	6,5	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3827 13 00	-- ina bhfuil teitreaclóiríd charbóin	6,5	—
3827 14 00	-- ina bhfuil 1,1,1-tríchlóireatán (clóraform meitile)	6,5	—
3827 20 00	– ina bhfuil brómaclóraidhéfluaraimeatán (Halón-1211), brómaithrífluaraimeatán (Halón-1301) nó débhrómaiteitreafluairiatán (Halón-2402)	6,5	—
	– ina bhfuil hidreaclórafluoracarbóin (HCFCanna), bíodh sárfluoracarbóin (PFCanna) nó hidreafluoracarbóin (HFCanna) iontu nó ná bídis, ach nach bhfuil clórafluoracarbóin (CFCanna) iontu:		
3827 31 00	-- ina bhfuil substaintí faoi na ceannteidil 2903 41 go 2903 48	6,5	—
3827 32 00	-- ina bhfuil substaintí faoi na ceannteidil 2903 71 go 2903 75	6,5	—
3827 39 00	-- eile	6,5	—
3827 40 00	– ina bhfuil bróimíd mheitile (brómaimeatán) nó brómaclóraimeatán	6,5	—
	– ina bhfuil trífluaraimeatán (HFC-23) nó sárfluoracarbóin (PFCanna) ach nach bhfuil clórafluoracarbóin (CFCanna) ná hidreaclórafluoracarbóin (HCFCanna) iontu:		
3827 51 00	-- ina bhfuil trífluaraimeatán (HFC-23) ⁽¹⁾	6,5	—
3827 59 00	-- eile	6,5	—
	– ina bhfuil hidreafluoracarbóin (HFCanna) eile ach nach bhfuil clórafluoracarbóin (CFCanna) ná hidreaclórafluoracarbóin (HCFCanna) iontu:		
3827 61 00	-- ina bhfuil cion 15 % nó níos mó de 1,1,1-trífluairiatán (HFC-143a) de réir maise ⁽¹⁾	6,5	—
3827 62 00	-- Eile, nach bhfuil áirithe san fho-cheannteideal thuas, ina bhfuil cion 55 % nó níos mó de pheinteafluairiatán (HFC- 125) de réir maise ach nach bhfuil díorthaigh fhlúairínithe neamhsháithithe de hidreacarbóin neamhthimthriallacha (HFOanna) ann ⁽¹⁾	6,5	—
3827 63 00	-- Eile, nach bhfuil áirithe san fho-cheannteideal thuas, ina bhfuil cion 40 % nó níos mó de pheinteafluairiatán HFC-125 de réir maise ⁽¹⁾	6,5	—
3827 64 00	-- Eile, nach bhfuil áirithe san fho-cheannteideal thuas, ina bhfuil cion 30 % nó níos mó de 1,1,1,2-teitreafluairiatán (HFC-134a) de réir maise ach nach bhfuil díorthaigh fhlúairínithe neamhsháithithe de hidreacarbóin neamhthimthriallacha (HFOanna) ann ⁽¹⁾	6,5	—
3827 65 00	-- Eile, nach bhfuil áirithe san fho-cheannteideal thuas, ina bhfuil cion 20 % nó níos mó de dhéfluaraomeatán (HFC-32) de réir maise agus cion 20 % nó níos mó de pheinteafluairiatán (HFC-125) de réir maise ⁽¹⁾	6,5	—
3827 68 00	-- Eile, nach bhfuil áirithe faoi na fo-cheannteidil thuas, ina bhfuil substaintí faoi na ceannteidil 2903 41 go 2903 48 ⁽¹⁾	6,5	—
3827 69 00	-- eile ⁽¹⁾	6,5	—
3827 90 00	– eile	6,5	—

⁽¹⁾ Cód staidrimh TARIC: féach Iarscríbhinn 10.

ROINN VII

PLAISTIGH AGUS EARRAÍ DÍOBH; RUBAR AGUS EARRAÍ DÍOBH

Nótaí

1. Maidir le hearraí atá cóirithe i dtacair arb é atá iontu dhá chomhábhar ar leithligh nó níos mó, earraí a dtagann roinnt nó gach ceann díobh faoin roinn sin agus a bheartaítear a mheascadh le chéile chun táirge faoi Roinn VI nó VII a fháil, aicmeofar iad sa cheannteideal is iomchuí don táirge sin, ar choinníoll gurb amhlaidh maidir leis na comhábhair:
 - a) ag féachaint don bhealach a bhfuil siad cóirithe, go bhfuil siad inaitheanta go soiléir mar tháirgí a bhfuiltear ag beartú iad a úsáid in éineacht le chéile gan iad a athphacáil ar dtús;
 - b) go gcuirtear i láthair le chéile iad; agus
 - c) go bhfuil siad inaitheanta, cibé acu de bharr a gcineáil nó de bharr an chion choibhneasta ina bhfuil siad i láthair, mar chomhábhair atá comhlántach le chéile.
2. Ach amháin maidir leis na hearraí faoi cheannteideal 3918 nó 3919, beidh plaistigh, rubar, agus earraí díobh, iad priontáilte le móitífeanna, carachtair nó léirithe pictiúrtha, nach bhfuil díreach tánaisteach do phríomhúsáid na n-earraí amháin, faoi Chaibidil 49.

CAIBIDIL 39

PLAISTIGH AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA ASTU

Nótaí

1. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an abairt 'plaistigh' na hábhair sin faoi na ceanteidil 3901 go 3914 is féidir nó ab fhéidir, tráth an pholaiméirithe nó tráth éigin níos déanaí, a chur le chéile faoi bhrú seachtrach (teas agus brú de ghnáth, le tuaslagóir nó plaisteachán más gá) trí mhúnlú, teilgean, easbhrú, rolladh nó próiseas eile i gcruthanna a choinnítear nuair a bhaintear an tionchar seachtrach.

Ar fud na hainmníochta, cumhdaítear snáithíní bolcánaithe freisin le haon tagairt do 'phlaistigh'. Ní bhaineann an abairt le hábhair a mheastar a bheith ina n-ábhair teicstíle de chuid Roinn XI.

2. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:
 - a) ullmhóidí bealaithe atá faoi cheannteideal 2710 nó 3403;
 - b) céaracha atá faoi cheannteideal 2712 nó 3404;
 - c) comhdhúile orgánacha ar leith a shainítear go ceimiceach (Caibidil 29);
 - d) heipirin nó a chuid salann (ceannteideal 3001);
 - e) tuaslagáin (seachas collóidí) ina bhfuil aon cheann de na táirgí a shonraítear i gceanteidil 3901 go 3913 i dtuaslagóirí orgánacha so-ghalaithe nuair is mó meáchan an tuaslagóra ná 50 % de mheáchan an tuaslagáin (ceannteideal 3208); scragail stampála faoi cheannteideal 3212;
 - f) oibreáin dhromchlaghníomhacha orgánacha nó ullmhóidí faoi cheannteideal 3402;

- g) guma reatha nó guma eistir (ceannteideal 3806);
 - h) breiseáin ullmhaithe eile le haghaidh olaí mianra (lena n-áirítear gásailín) nó le haghaidh leachtanna eile a úsáidtear chun na gcríoch céanna le holaí mianra (ceannteideal 3811);
 - ij) sreabháin hidrálacha ullmhaithe atá bunaithe ar pholaiglicóil, sileacain nó polaiméir eile i gCaibidil 39 (ceannteideal 3819);
 - k) imoibreáin dhiagnóiseacha nó imoibreáin saotharlainne ar thaca plaisteach (ceannteideal 3822);
 - l) rubar sintéiseach, mar a shainítear chun críocha Chaibidil 40, nó earraí déanta as;
 - m) diallatra agus úmacha (ceannteideal 4201) nó truncaí, cásanna taistil, málaí láimhe nó coimeádáin eile faoi cheannteideal 4202;
 - n) trilseáin, earraí caolaigh nó earraí eile atá faoi Chaibidil 46;
 - o) clúdaigh bhalla atá faoi cheannteideal 4814;
 - p) na hearraí atá faoi Roinn XI (teicstílí agus earraí teicstíle);
 - q) earraí atá faoi Roinn XII (mar shampla, coisbheart, ceannbhearta, scáthanna fearthainne, scáthanna gréine, maidí siúil, fuipeanna, fuipeanna marcaíochta nó codanna díobh);
 - r) seodra bréige atá faoi cheannteideal 7117;
 - s) earraí atá faoi Roinn XVI (innealra agus fearais mheicniúla nó leictreacha);
 - t) páirteanna aerárthaí nó feithiclí faoi Roinn XVII;
 - u) earraí atá faoi Chaibidil 90 (mar shampla, eilimintí optúla, frámaí spéaclaí, uirlisí líníochta);
 - v) na hearraí atá faoi Chaibidil 91 (cásanna cloig agus cásanna uaireadóirí, mar shampla);
 - w) na hearraí atá faoi Chaibidil 92 (uirlisí ceoil nó codanna díobh, mar shampla);
 - x) na hearraí atá faoi Chaibidil 94 (troscán, soilsí agus feistis soilsithe, comharthaí soilsithe, foirgnimh réamhdhéanta, mar shampla);
 - y) na hearraí atá faoi Chaibidil 95 (bréagáin, cluichí, riachtanais spóirt, mar shampla); nó
 - z) na hearraí atá faoi Chaibidil 96 (scuaba, cnaipí, fáiscíní sleamhnáin, cíora, béalóga nó gais le haghaidh píopaí tobac, coinneálaithe toitíní nó a leithéidí, páirteanna d'fholúsfhlaigíní nó a leithéidí, pinn, pionsail tochrais, agus monapóidí, déchosaigh, tríchosaigh agus earraí dá samhail).
3. Maidir le ceanteidil 3901 go 3911 ní bhaineann siad ach leis na hearraí de chineál arna dtáirgeadh trí shintéis cheimiceach, earraí a thagann laistigh de na catagóirí seo a leanas:
- a) pololaifíní sintéiseacha leachtacha is lú ná 60 % de réir toirte a dhriogtar ag 300 °C tar éis a dtiontaithe go 1 013 mbar nuair a bhaintear úsáid as modh driogtha brú laghdaithe (ceanteidil 3901 agus 3902);
 - b) roisíní, nach bhfuil ardpholaiméirithe, den chineál cúmarón-indéine (ceanteideal 3911);

- c) polaiméirí sintéiseacha eile a bhfuil cúig aonad monaiméire ar a laghad acu ar an meán;
 - d) sileacóin (ceannteideal 3910);
 - e) reisil (ceannteideal 3909) agus réamhpholaiméirí.
4. Leis an abairt ‘comhpholaiméirí’, cumhdaítear na polaiméirí uile nach gcuireann aon aonad monaiméire amháin iontu 95 % nó níos mó leis an gcion polaiméire iomlán de réir meáchain.

Chun críocha na caibidle seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, aicmeofar comhpholaiméirí (lena n-áirítear comh-phola-chomhdhlútháin, táirgí comhpholasuimithe, comhpholaiméirí bloic agus comhpholaiméirí beangaithe) agus cumaisc pholaiméireacha sa cheannteideal a chumhdaíonn polaiméirí den aonad cómhonaiméire sin atá níos troime ná gach uile aonad cómhonaiméire eile. Chun críocha an nóta sin, tógfar le chéile comhaonaid chómhonaiméire de pholaiméirí a thagann faoin bhfo-cheannteideal céanna.

Mura bhfuil aon aonad cómhonaiméire aonair níos troime ná na cinn eile, tá na cumaisc pholaiméireacha agus chomhpholaiméirí, de réir mar is iomchúí, le haicmiú sa cheannteideal deireanach san ord uimhriúil ina measc siúd a bhfuil breithniú le déanamh orthu chomh maith céanna.

5. Polaiméirí atá modhnaithe go ceimiceach, eadhon iad siúd nár athraíodh ach aguisíní leis an bpríomhshlabhra polaiméire iontu trí imoibriú ceimiceach, tá siad le haicmiú sa cheannteideal is iomchúí don pholaiméir neamh-mhodhnaithe. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le comhpholaiméirí beangaithe.
6. I gceannteidil 3901 go 3914, ní bhaineann an abairt ‘foirmeacha príomhúla’ ach leis na foirmeacha seo a leanas:
- a) leachtanna agus leafois, lena n-áirítear easráin (eibleachtaí agus fuaidreán) agus tuaslagáin;
 - b) bloic de chruth neamhrialta, cnapanna, púdair (lena n-áirítear púdair mhúnlaith), gráinníní, calóga agus bulcfoirmeacha comhchosúla.
7. Maidir le ceannteideal 3915, ní bhaineann sé le dramhaíl, dramh bearrtha agus dramhaíl d’ábhar aonair teirmeaplaisteach, as a ndéantar foirmeacha príomhúla (ceannteidil 3901 go 3914).
8. Chun críocha cheannteideal 3917, ciallaíonn an abairt ‘feadáin, píopaí agus píobáin’ táirgí tolla, bídis ina dtáirgí leathmhonaraithe nó ina dtáirgí críochnaithe, de chineál a úsáidtear chun gáis nó leachtanna a iompar, a sheoladh nó a dháileadh (píobán gairdín easnach, feadáin phollta, mar shampla). Cumhdaítear leis an abairt seo freisin craicne ispíní agus feadáinra cothrom eile. Ach amháin i gcás na coda deiridh a luaitear, níor cheart a mheas gur feadáin, píopaí agus píobáin ach cruthanna próifíle iad siúd a bhfuil trasghearradh inmheánach iontu, seachas iad siúd atá cruinn, ubhchruthach, dronuilleogach (nach mó an fad atá iontu ná oiread go leith an leithid iontu) nó atá i gcruth polagán rialta.
9. Chun críocha cheannteideal 3918, an abairt ‘clúdaigh bhalla nó síleála atá déanta as plaistigh’ baineann sé le táirgí i rollaí, nach lú ná 45 cm ar leithead, atá oiriúnach le haghaidh maisiúchán balla nó síleála, ina bhfuil plaistigh atá feistithe go buan ar thaca d’aon ábhar seachas páipéar, an tsraith plaisteach (ar thaobh na haghaidhe) atá snaithíneach, cabhartha, daite, a bhfuil dearadh clóite uirthi nó atá maisithe ar bhealach eile.
10. I gceannteidil 3920 agus 3921, ní bhaineann an abairt ‘plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha’ ach le plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha (seachas iad siúd i gCaibidil 54) agus le bloic de ghnáthchruth geoiméadrach, bídis clóite nó dromchlashaothraithe ar bhealach eile nó ná bídis, neamhghearrtha nó gearrtha i ndronuilleoga (lena n-áirítear cearnóga) ach gan aon saothrú breise déanta orthu (fiú má dhéantar earraí astu atá réidh le húsáid nuair a ghearrtar amhlaidh iad).
11. Maidir le ceannteideal 3925 ní bhaineann sé ach leis na hearraí seo a leanas, nach táirgí iad a chumhdaítear le haon cheann de na ceannteidil a bhí ann níos luaithe i bhfochaibidil II:
- a) taiscumair, tancanna (lena n-áirítear tancanna seipteacha), umair agus soithigh comhchosúla, a bhfuil toilleadh is mó ná 300 lítear iontu;

- b) eilimintí struchtúracha a úsáidtear, mar shampla, in urláir, i mballaí nó i gcodanna, i síleálacha nó i ndíonta;
- c) gáitéir agus feistis dóibh;
- d) doirse, fuinneoga agus na frámaí a ghabhann leo, agus tairseacha i gcomhair doirse;
- e) balcóiní, balastráidí, fálú, geataí agus bacainní comhchosúla;
- f) comhlaí, dallóga (lena n-áirítear dallóga Veinéseacha) agus nithe comhchosúla agus codanna agus feistis dóibh;
- g) seilfre ar scála mór le haghaidh cóimeála agus buansuiteála: i siopaí, ceardlanna, stórais, mar shampla;
- h) gnéithe ailtreachta ornáideacha: cuisliú, cúpolaí, colmlanna, mar shampla; agus
- ij) feistis agus gléasanna suite atá ceaptha lena suiteáil go buan i ndoirse, fuinneoga, staighrí, ballaí nó codanna eile d'fhoirgnimh nó orthu: murláin, cosa, crúcaí, bracanna, ráillí tuáille, lascphlátaí agus plátaí cosanta eile, mar shampla.

Nótaí faoi na fo-cheannteidil

1. Laistigh d'aon cheannteideal amháin den chaibidil seo, tá polaiméirí (lena n-áirítear comhpholaiméirí) agus polaiméirí atá modhnaithe go ceimiceach le haicmiú i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:
 - a) i gcás ina mbeidh fo-cheannteideal ann ar a dtugtar 'Eile' sa tsraith chéanna:
 - 1) an t-ainmniú i bhfo-cheannteideal polaiméire leis an réamh-cheannteideal 'polai' (mar shampla, poileitiléin agus polaimíd-6,6), ciallaíonn nach mór 95 % nó níos mó den chomhaonad polaiméire de réir meáchain a bheith ar an gcomhábhar monaiméire nó aonaid mhonaiméire den pholaiméir ainmnithe a ghlactar le chéile;
 - 2) maidir leis na comhpholaiméirí a ainmnítear i bhfo-cheannteidil 3901 30, 3901 40, 3903 20, 3903 30 agus 3904 30 tá siad le haicmiú sna fo-cheannteidil sin, ar choinníoll gurb é atá sna haonaid chómhonaimeire ainmnithe 95 % nó níos mó de réir meáchain den chion polaiméire iomlán;
6911	Earraí boird, earraí cistine, earraí teaghlaigh eile agus earraí ionlainne, déanta as poirceallán nó cré shíneach:		
6911 10 00	- Earraí boird agus earraí cistine	12	—
6911 90 00	- eile	12	—
6912 00	Earraí boird ceirmeacha, earraí cistine, earraí teaghlaigh eile agus earraí ionlainne, seachas na cinn atá déanta as poirceallán nó as cré shíneach:		
	- Earraí boird agus earraí cistine:		
6912 00 21	-- iad déanta as gnáthchriadóireacht	5	—
6912 00 23	-- Earraí cruachré	5,5	—
6912 00 25	-- Earraí cré nó criadóireacht mhín	9	—
6912 00 29	-- eile	7	—
	- eile:		
6912 00 81	-- iad déanta as gnáthchriadóireacht	5	—
6912 00 83	-- Earraí cruachré	5,5	—
6912 00 85	-- Earraí cré nó criadóireacht mhín	9	—
6912 00 89	-- eile	7	—
6913	Deilbhíní agus earraí ceirmeacha ornáideacha eile:		
6913 10 00	- iad déanta as poirceallán nó cré shíneach	6	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6913 90	- eile:		
6913 90 10	-- iad déanta as gnáthchriadóireacht	3,5	—
	-- eile:		
6913 90 93	--- Earraí cré nó criadóireacht mhín	6	—
6913 90 98	--- eile	6	—
6914	Earraí ceirmeacha eile:		
6914 10 00	- iad déanta as poirceallán nó cré shíneach	5	—
6914 90 00	- eile	3	—

CAIBIDIL 70

GLOINE AGUS EARRAÍ GLOINE

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:
 - a) earraí atá faoi cheannteideal 3207 (mar shampla, cruain agus glónraí inghlainithe, friochtachán gloine, gloine eile i bhfoirm púdair, gráinníní nó calóg);
 - b) táirgí nó earraí atá faoi Chaibidil 71 (mar shampla, seodra bréagach);
 - c) cáblaí de shnáithíní optúla atá faoi cheannteideal 8544, inslitheoirí leictreacha (ceannteideal 8546) feistis d'ábhar inslithe atá faoi cheannteideal 8547;
 - d) gaothscáthanna tosaigh, fuinneoga cúil agus fuinneoga eile le haghaidh feithiclí atá faoi Chaibidilí 86 go 88;
 - e) gaothscáthanna tosaigh, fuinneoga cúil agus fuinneoga eile, bídis frámaíthe nó ná bíodh, lena n-ionchorpraítear feistí téimh nó feistí leictreacha nó leictreonacha eile, i gcás feithiclí i gCaibidil 86 go Caibidil 88;
 - f) snáithíní optúla, eilimintí optúla a ndearnadh oibriú optúil orthu, steallairí hipideirmeacha, súile saorga, teirmiméadair, baraiméadair, taismhéadair agus earraí atá faoi Chaibidil 90;
 - g) soilsí agus feistis soilsithe, comharthaí soilsithe, ainmchláir shoilsithe agus a leithéidí, lena bhfuil foinse soilse suite go buan, nó codanna díobh sin atá faoi cheannteideal 9405;
 - h) bréagáin, cluichí, gairis spóirt, ornáidí crann Nollag, nó earraí eile atá faoi Chaibidil 95 (seachas súile gloine gan sásraí le haghaidh bábóg nó earraí atá faoi Chaibidil 95); nó
 - ij) Cnaipí, folúsfhleascáin fheistithe, sprae cumhráin nó sprae comhchosúil nó earraí eile atá faoi Chaibidil 96.
2. Chun críocha cheannteideal 7003, 7004 agus ag a bhfuil 7005:
 - a) ní mheasfar gur gloine 'oibrithe' í gloine mar gheall ar aon phróiseas a rinneadh uirthi roimh a hainnéaladh;
 - b) a gearradh de réir crutha, ní dhéanann sin difear d'aicmiú gloine ina leatáin;
 - c) an slonn 'brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-fhrithchaiteach', ciallaíonn sin brat miotail nó comhdhúile ceimicí atá tanáí go micreascópach (mar shampla, ocsaíd mhiotail), a ionsúnn, mar shampla, solas infridhearg nó lena bhfeabhsaítear cáilíochtaí frithchaithimh na gloine agus lena gcumasaítear di, san am céanna, roinnt dá trédhearcacht nó dá tréshoilseacht a choinneáil; nó lena gcuirtear cosc ar sholas a bheith frithchaite ar dhromchla na gloine.
3. Na táirgí dá dtagraítear faoi cheannteideal 7006 aicmítear go fóill iad faoin gceannteideal sin, bíodh cáil earraí orthu nó ná bíodh.
4. Chun críocha cheannteideal 7019, ciallaíonn an slonn 'olann ghloine':
 - a) olaí mianra ina bhfuil silice (SiO_2) cion nach lú ná 60 % de réir meáchain;
 - b) olaí mianra ina bhfuil silice (SiO_2) cion nach lú ná 60 % ach ina bhfuil ocsaíd alcaileach (K_2O nó Na_2O) ar mó a gcion ná 5 % de réir meáchain nó ocsaíd bhórach (B_2O_3) cion nach mó ná 2 % de réir meáchain.

Olaí mianraí nach gcomhlíontar na sonraí thuas leo, tagann siad faoi cheannteideal 6806.
5. Ar fud na hainmníochta, áirítear grianchloch chomhleáite nó as silice chomhleáite eile leis an slonn 'gloine'.

Nóta faoi na fo-cheannteidil

1. Chun críocha fo-cheannteideal 7013 22, 7013 33, 7013 41 agus ag a bhfuil 7013 91, ciallaíonn an slonn 'criostal luaidhe' gloine ina bhfuil íoschion aonocsaíd luaidhe (PbO) 24 % de réir meáchain.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7001 00	Cuilléid agus fuíollábhar gloine agus dramhghloine, seachas gloine as feadáin gha-chatóideacha nó gloine ghníomhachtaithe eile faoi cheannteideal 8549; gloine sa mhais:		
7001 00 10	– Cuilléid agus fuíollábhar gloine agus dramhghloine	Díolúine	—
	– Gloine sa mhais:		
7001 00 91	-- Gloine optúil	3	—
7001 00 99	-- eile	Díolúine	—
7002	Gloine i liathróidí (seachas micrisféir faoi cheannteideal 7018) slata nó feadáin, neamhshaoirsithe:		
7002 10 00	– Liathróidí	3	—
7002 20	– Slata:		
7002 20 10	-- iad déanta as gloine optúil	3	—
7002 20 90	-- eile	3	—
	– Feadáin:		
7002 31 00	-- as grianchloch chomhleáite nó silice chomhleáite eile	3	—
7002 32 00	-- as gloine eile ag a bhfuil comhéifeacht líneach forbartha nach mó ná 5×10^{-6} per Kelvin laistigh de raon teochta ó 0 °C go dtí 300 °C	3	—
7002 39 00	-- eile	3	—
7003	Gloine theilgte agus gloine rollta, ina leatháin nó ina bpróifíil, bíodh brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-frithchaiteach léi nó ná bíodh, ach í neamhshaoirsithe seachas sin:		
	– Leatháin neamhshreangaithe:		
7003 12	-- iad daite ar fud na maise (imir dhorcha i gcorp na leathán), teimhnithe, fleasctha le brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-frithchaiteach:		
7003 12 10	--- iad déanta as gloine optúil	3	m ²
	--- eile:		
7003 12 91	---- a bhfuil brat neamh-frithchaiteach orthu	3	m ²
7003 12 99	---- eile	3,8 MIN 0,6 €/100 kg/br	m ²
7003 19	-- eile:		
7003 19 10	--- iad déanta as gloine optúil	3	m ²
7003 19 90	--- eile	3,8 MIN 0,6 €/100 kg/br	m ²
7003 20 00	– Leatháin shreangaithe	3,8 MIN 0,4 €/100 kg/br	m ²

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7003 30 00	– Próifílí	3	—
7004	Gloine tharraingthe agus gloine shéidte, ina leatháin nó ina bpróifílí, bíodh brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-fhrithchaiteach léi nó ná bíodh, ach í neamhshaoirsithe seachas sin:		
7004 20	– Gloine, í daite ar fud na maise (imir dhorcha i gcorp na leathán), teimhnithe, fleasctha le brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-fhrithchaiteach:		
7004 20 10	-- Gloine optúil	3	m ²
	-- eile:		
7004 20 91	--- a bhfuil brat neamh-fhrithchaiteach uirthi	3	m ²
7004 20 99	--- eile	4,4 MIN 0,4 €/100 kg/br	m ²
7004 90	– Gloine eile:		
7004 90 10	-- Gloine optúil	3	m ²
7004 90 80	-- eile	4,4 MIN 0,4 €/100 kg/br	m ²
7005	Gloine ar snámh agus gloine snoite nó snasta, ina leatháin nó ina bpróifílí, bíodh brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-fhrithchaiteach léi nó ná bíodh, ach í neamhshaoirsithe seachas sin:		
7005 10	– Gloine neamhshreangaithe, lena bhfuil brat ionsúiteach, fhrithchaiteach nó neamh-fhrithchaiteach:		
7005 10 05	-- a bhfuil brat neamh-fhrithchaiteach orthu	3	m ²
	-- eile, dar tiús:		
7005 10 25	--- nach mó ná 3,5 mm	2	m ²
7005 10 30	--- é níos mó ná 3,5 mm ach gan é níos mó ná 4,5 mm	2	m ²
7005 10 80	--- ar mó a leithead ná 4,5 mm	2	m ²
	– Gloine neamhshreangaithe eile:		
7005 21	-- é daite ar fud na maise (imir dhorcha i gcorp na gloine), teimhnithe, fleasctha nó meilte ar an dromchla amháin:		
7005 21 25	--- atá ar tiús nach mó ná 3,5 mm	2	m ²
7005 21 30	--- atá ar tiús is mó ná 3,5 mm ach nach mó ná 4,5 mm	2	m ²
7005 21 80	--- atá ar tiús is mó ná 4,5 mm	2	m ²
7005 29	-- eile:		
7005 29 25	--- atá ar tiús nach mó ná 3,5 mm	2	m ²
7005 29 35	--- atá ar tiús is mó ná 3,5 mm ach nach mó ná 4,5 mm	2	m ²
7005 29 80	--- atá ar tiús is mó ná 4,5 mm	2	m ²
7005 30 00	– Gloine shreangaithe	2	m ²

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7006 00	Gloine faoi cheannteidil 7003, 7004 nó 7005, í lúbtha, an chiumhais saoirsithe inti, í greanta, druileáilte, cruanta nó saoirsithe ar bhealach eile, ach gan fráma uirthi ná í feistithe le hábhair eile:		
7006 00 10	– Gloine optúil	3	—
7006 00 90	– eile	3	—
7007	Gloine sábháilteachta, déanta as gloine threisithe (fhaghartha) nó as gloine lannach:		
	– Gloine sábháilteachta threisithe (fhaghartha):		
7007 11	-- é ar mhéid agus ar chruth atá oiriúnach le húsáid mar chuid d'fheithiclí, d'árthaí aeir, d'árthaí spáis nó de shoithí:		
7007 11 10	--- é ar mhéid agus ar chruth atá oiriúnach le húsáid mar chuid de mhótarfeithiclí ...	3	—
7007 11 90	--- eile	3	—
7007 19	-- eile:		
7007 19 10	--- Cruanta	3	m ²
7007 19 20	--- Daite ar fud na maise (imir dhorchá tríd ar fad), í teimhnithe, fleasccha, brat ionsúiteach uirthi nó brat frithchaiteach	3	m ²
7007 19 80	--- eile	3	m ²
	– Gloine sábháilteachta lannach:		
7007 21	-- é ar mhéid agus ar chruth atá oiriúnach le húsáid mar chuid d'fheithiclí, d'árthaí aeir, d'árthaí spáis nó de shoithí:		
7007 21 20	--- é ar mhéid agus ar chruth atá oiriúnach le húsáid mar chuid de mhótarfeithiclí ...	3	—
7007 21 80	--- eile	3	—
7007 29 00	-- eile	3	m ²
7008 00	Aonaid gloine ilbhallaí le haghaidh insliúcháin:		
7008 00 20	– Daite ar fud na maise (imir dhorchá tríd ar fad), í teimhnithe, fleasccha, brat ionsúiteach uirthi nó brat frithchaiteach	3	m ²
	– eile:		
7008 00 81	-- Lena mbaineann dhá phainéal gloine séalaithe faoi na himill le siúnta aerdhíonach agus iad dealaithe ó chéile ag sraith aeir, ag gás eile, nó ag folús	3	m ²
7008 00 89	-- eile	3	m ²
7009	Scátháin ghloine, bídis i bhfráma nó ná bídis, lena n-áirítear scátháin chúlfhéachana:		
7009 10 00	– Scátháin an tiománaí i gcomhair feithiclí	4	p/st
	– eile:		
7009 91 00	-- den chineál nach bhfuil fráma air	4	—
7009 92 00	-- Frámaí	4	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7010	Carbáigh, buidéal, fleascáin, crúscáí, potaí, fiala, ampaill agus coimeádáin eile, atá déanta as gloine, de chineál a úsáidtear chun earraí a iompar nó a phacáil; crúscáí caomhnúcháin atá déanta as gloine; stopalláin, claibíní agus cláir eile atá déanta as gloine:		
7010 10 00	– Ampaill	3	p/st
7010 20 00	– Stopalláin, claibíní agus iatáin eile	5	—
7010 90	– eile:		
7010 90 10	--- Crúscáí caomhnúcháin (crúscáí steirilithe)	5	p/st
	--- eile:		
7010 90 21	---- iad déanta as feadáin gloine	5	p/st
	---- eile, dar toilleadh ainmniúil:		
7010 90 31	----- 2,5 l nó níos mó	5	p/st
	----- iad níos lú ná 2,5 l:		
	----- le haghaidh deochanna agus bia:		
	----- Buidéal:		
	----- iad déanta as gloine éadathach, dar toilleadh ainmniúil:		
7010 90 41	----- iad 1 l nó níos mó	5	p/st
7010 90 43	----- iad níos mó ná 0,33 l ach níos lú ná 1 l	5	p/st
7010 90 45	----- iad 0,15 l nó níos mó ach toilleadh nach mó ná 0,33 l	5	p/st
7010 90 47	----- níos lú ná 0,15 l	5	p/st
	----- iad déanta as gloine dhaite, dar toilleadh ainmniúil:		
7010 90 51	----- iad 1 l nó níos mó	5	p/st
7010 90 53	----- iad níos mó ná 0,33 l ach níos lú ná 1 l	5	p/st
7010 90 55	----- iad 0,15 l nó níos mó ach toilleadh nach mó ná 0,33 l	5	p/st
7010 90 57	----- iad níos lú ná 0,15 l	5	p/st
	----- eile, dar toilleadh ainmniúil:		
7010 90 61	----- 0,25 l nó níos mó	5	p/st
7010 90 67	----- níos lú ná 0,25 l	5	p/st
	----- le haghaidh táirgí cógaisíochta, táirgí dar toilleadh ainmniúil:		
7010 90 71	----- is mó ná 0,055 l	5	p/st
7010 90 79	----- nach mó ná 0,055 l	5	p/st
	----- le haghaidh táirgí eile:		
7010 90 91	----- iad déanta as gloine gan dath	5	p/st
7010 90 99	----- iad déanta as gloine dhaite	5	p/st
7011	Imchlúdaigh gloine (lena n-áirítear bolgáin agus feadáin), oscailte, agus codanna gloine díobh sin, gan feistis, le haghaidh lampaí leictreacha, feadáin gha-chatóideacha nó a leithéid:		
7011 10 00	– le haghaidh soilse leictreacha	4	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7011 20 00	– d'fheadáin gha-chatóideacha	4	—
7011 90 00	– eile	4	—
[7012]			
7013	Earraí gloine den chineál a úsáidtear ag an mbord, sa chistin, sa leithreas, san oifig, i gcomhair maisiúchán inmheánach nó chun críoch comhchosúil (seachas earraí atá faoi cheannteideal 7010 nó 7018):		
7013 10 00	– iad déanta as earraí ceirmeacha gloine	11	p/st
	– Gloiní dí a bhfuil cos fúthu, seachas earraí gloine ceirmeacha:		
7013 22	-- iad déanta as criostal luaidhe:		
7013 22 10	--- iad cruinnithe de láimh	11	p/st
7013 22 90	--- iad cruinnithe go meicniúil	11	p/st
7013 28	-- eile:		
7013 28 10	--- iad cruinnithe de láimh	11	p/st
7013 28 90	--- iad cruinnithe go meicniúil	11	p/st
	– Gloiní dí eile, seachas earraí gloine ceirmeacha:		
7013 33	-- iad déanta as criostal luaidhe:		
	--- iad cruinnithe de láimh:		
7013 33 11	---- iad snoite nó maisithe ar bhealach eile	11	p/st
7013 33 19	---- eile	11	p/st
	--- iad cruinnithe go meicniúil:		
7013 33 91	---- iad snoite nó maisithe ar bhealach eile	11	p/st
7013 33 99	---- eile	11	p/st
7013 37	-- eile:		
7013 37 10	--- iad déanta as gloine righnithe	11	p/st
	--- eile:		
	---- iad cruinnithe de láimh:		
7013 37 51	----- iad snoite nó maisithe ar bhealach eile	11	p/st
7013 37 59	----- eile	11	p/st
	---- iad cruinnithe go meicniúil:		
7013 37 91	----- iad snoite nó maisithe ar bhealach eile	11	p/st
7013 37 99	----- eile	11	p/st
	– Earraí gloine den chineál a úsáidtear ag an mbord (seachas gloiní dí) nó sa chistin seachas gloine cheirmeach:		
7013 41	-- iad déanta as criostal luaidhe:		
7013 41 10	--- iad cruinnithe de láimh	11	p/st
7013 41 90	--- iad cruinnithe go meicniúil	11	p/st

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7013 42 00	-- as gloine ag a bhfuil comhéifeacht líneach forbartha nach mó ná 5×10^{-6} per Kelvin laistigh de raon teochta ó 0 °C go dtí 300 °C	11	p/st
7013 49	-- eile:		
7013 49 10	--- iad déanta as gloine righnithe	11	p/st
	--- eile:		
7013 49 91	---- iad cruinnithe de láimh	11	p/st
7013 49 99	---- iad cruinnithe go meicniúil	11	p/st
	- Earraí eile gloine:		
7013 91	-- iad déanta as criostal luaidhe:		
7013 91 10	--- iad cruinnithe de láimh	11	p/st
7013 91 90	--- iad cruinnithe go meicniúil	11	p/st
7013 99 00	-- eile	11	p/st
7014 00 00	Earraí gloine le haghaidh comharthaíochta agus gnéithe optaice (seachas na cinn faoi cheannteideal 7015 gan iad saoirsithe ó thaobh na hoptaice de	3	—
7015	Gloiní cloig nó uaireadóirí agus gloiní comhchosúla, gloiní do spéaclaí neamhcheartúcháin nó ceartúcháin, iad cuartha, lúbtha, tollta agus mar sin de, gan iad saoirsithe ó thaobh na hoptaice de; tollsféir gloine agus a gcuid deighleoga, do mhonarú gloiní den sórt sin:		
7015 10 00	- Gloiní le haghaidh spéaclaí ceartúcháin	3	—
7015 90 00	- eile	3	—
7016	Bloic pábhála, leaca, brící, cearnóga, tíleanna agus earraí eile déanta as gloine bhrúite nó mhúnlaite, bíodh sí sreangaithe nó ná bíodh, den chineál a úsáidtear chun foirgníochta nó tógála; ciúbanna gloine agus mionearraí gloine eile, bíodh taca fúthu nó ná bíodh, le haghaidh mósáice nó chun críocha maisiúcháin comhchosúla; soilse luaidhe agus a leithéid; gloine ilcheallach nó chúrtha ina bloic, ina painéil, ina plátaí, ina blaoscanna nó i bhfoirmeacha comhchosúla:		
7016 10 00	- Ciúbanna gloine agus mionearraí gloine eile, bíodh taca fúthu nó ná bíodh, le haghaidh mósáice nó chun críocha maisiúcháin comhchosúla	8	—
7016 90	- eile:		
7016 90 10	-- Soilse luaidhe agus a leithéid	3	m ²
7016 90 40	-- Bloic agus brící, den chineál a úsáidtear chun foirgníochta nó chun tógála	3 MIN 1,2€/100 kg/br	—
7016 90 70	-- eile	3 MIN 1,2€/100 kg/br	—
7017	Earraí gloine saotharlainne, sláinteachais nó cógaisíochta, bídis grádaithe nó calabraithe nó ná bíodh:		
7017 10 00	- as grianchloch chomhleáite nó silice chomhleáite eile	3	—
7017 20 00	- as gloine eile ag a bhfuil comhéifeacht líneach forbartha nach mó ná 5×10^{-6} per Kelvin laistigh de raon teochta ó 0 °C go dtí 300 °C	3	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7017 90 00	– eile	3	—
7018	Coirníní gloine, péarlaí bréige, clocha lómhara agus scothlómhara tacair agus mionearraí gloine comhchosúla, agus earraí déanta astu sin seachas seodra bréige; súile gloine seachas earraí próistéiteacha; deilbhíní agus ornáidí eile déanta as gloine saoirsithe de lampa, seachas seodra bréige; micrisféir gloine nach mó ná 1 mm an trastomhas atá iontu:		
7018 10	– Coirníní gloine, péarlaí bréige, clocha lómhara agus scothlómhara tacair agus mionearraí gloine comhchosúla: -- Coirníní gloine:		
7018 10 11	---- iad gearrtha agus snasta go meicniúil	Díolúine	—
7018 10 19	---- eile	7	—
7018 10 30	-- Péarlaí bréige	Díolúine	—
	-- Clocha lómhara agus leathlómhara tacair:		
7018 10 51	---- iad gearrtha agus snasta go meicniúil	Díolúine	—
7018 10 59	---- eile	3	—
7018 10 90	-- eile	3 ⁽¹⁾	—
7018 20 00	– Micrisféir gloine nach mó ná 1 mm an trastomhas atá iontu	3	—
7018 90	– eile:		
7018 90 10	-- Súile gloine; mionearraí gloine	3	—
7018 90 90	-- eile	6	—
7019	Snáithíní gloine (lena n-áirítear olann ghloine) agus earraí déanta astu sin (mar shampla, snáth, fabraicí fite):		
	– Slisíní, caisirníní, snáth agus duail mhionghearrtha:		
7019 11 00	-- Duail agus iad gearrtha go mion, ar fhad nach mó ná 50 mm	7	—
7019 12 00	-- Caisirníní	7	—
7019 13 00	-- Snáth eile, slisíní	7	—
7019 14 00	-- Mataí a bhfuil nasc meicniúil iontu	7	—
7019 15 00	-- Mataí a bhfuil nasc ceimiceach iontu	7	—
7019 19 00	-- eile	7	—
	– Mataí a bhfuil nasc meicniúil iontu:		
7019 61 00	-- Fabraicí fite caisirníní	7	—
7019 62 00	-- Fabraicí dúnta eile atá déanta as caisirníní	5	—
7019 63 00	-- Fabraicí fite dúnta, an fhí gan mhaisiú, de snáth, gan iad brataithe ná lannaithe	7	—
7019 64 00	-- Fabraicí fite dúnta, an fhí gan mhaisiú, de snáth, gan iad brataithe ná lannaithe	7	—
7019 65 00	-- Fabraicí feadánacha fite is lú ná 30 cm ar leithead	7	—

(1) Taraif-chuóta EDT.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7019 66 00	-- Fabraicí fite oscailte is leithne ná 30 cm	7	—
7019 69	-- eile:		
7019 69 10	--- Fabraicí fite agus fabraicí snáthaidithe	5	—
7019 69 90	--- eile	7	—
	- Mataí a bhfuil nasc ceimiceach iontu:		
7019 71 00	-- Caillí (leatháin thanaí)	5	—
7019 72 00	-- Fabraicí dúnta eile	5	—
7019 73 00	-- Fabraicí oscailte eile	5	—
7019 80	- Olann ghloine agus altach d'olann ghloine:		
7019 80 10	-- Cláir, tochtanna agus táirgí comhchosúla	5	—
7019 80 90	-- eile	7	—
7019 90 00	- eile	7	—
7020 00	Earraí eile gloine:		
7020 00 05	- Feadáin imoibriúcháin grianchloiche agus coimeádáin lena gcur isteach i bhfoirnéisí idirleata agus ocsaídiúcháin chun ábhair leathsheoltóra a tháirgeadh	Díolúine	—
	- Codanna inmheánacha d'fholúsfhleascáin nó d'árthaigh folúis eile:		
7020 00 07	-- iad neamhchríochnaithe	3	—
7020 00 08	-- iad críochnaithe	6	—
	- eile:		
7020 00 10	-- as grianchloch chomhleáite nó silice chomhleáite eile	3	—
7020 00 30	-- as gloine ag a bhfuil comhéifeacht líneach forbartha nach mó ná 5×10^{-6} per Kelvin laistigh de raon teochta ó 0 °C go dtí 300 °C	3	—
7020 00 80	-- eile	3	—

ROINN XIV

PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ SAOTHRAITHE, CLOCHA LÓMHARA NÓ LEATHLÓMHARA, MIOTAIL LÓMHARA, MIOTAIL CUMHDAITHE LE MIOTAL LÓMHAR, AGUS EARRAÍ DÍOBH; SEODRA BRÉIGE; BOINN

CAIBIDIL 71

PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ SAOTHRAITHE, CLOCHA LÓMHARA NÓ LEATHLÓMHARA, MIOTAIL LÓMHARA, MIOTAIL CUMHDAITHE LE MIOTAIL LÓMHARA, AGUS EARRAÍ DÍOBH; SEODRA BRÉIGE; BOINN AIRGID**Nótaí**

1. Faoi réir nóta 1(A) a ghabhann le Roinn VI agus seachas dá bhforáiltear thíos, na hearraí uile arb é atá iontu nó go hiomlán i bpáirt:
 - a) péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta) nó
 - b) miotal lómhar nó miotal atá cumhdaithe le miotal lómhar,tá siad le haicmiú sa chaibidil seo.
2. A) Le ceannteidil 7113, 7114 agus 7115 ní chumhdaítear earraí ina bhfuil iontu miotal lómhar nó miotal cumhdaithe le miotal lómhar mar mhion-chomhpháirteanna amháin amhail mionfheistis nó mionornáidiú (mar shampla monagraim bianna agus fonsaí), agus ní bheidh feidhm ag mír (b) de nóta thuasluaite maidir leis na hearraí sin.
 - B) Le ceannteideal 7116 ní chumhdaítear earraí a bhfuil miotal lómhar iontu nó atá cumhdaithe le miotal lómhar (seachas mar mhion-chomhpháirteanna).
3. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:
 - a) malgaim de mhíotal lómhar, nó miotal lómhar collóideach (ceannteideal 2843);
 - b) ábhair uama máinliachta steiriúla, líonadh déidliachta nó earraí atá faoi Chaibidil 30;
 - c) earraí atá faoi Chaibidil 32 (mar shampla, lonruithe);
 - d) cataláigh faoi thacú (ceannteideal 3815);
 - e) na hearraí atá faoi cheannteideal 4202 nó 4203 dá dtagraítear i nóta 3(B) a ghabhann le Caibidil 42;
 - f) na hearraí atá faoi cheannteideal 4303 nó 4304;
 - g) na hearraí atá faoi Roinn XI (teicstílí agus earraí teicstíle);
 - h) coisbhearta, ceannbhearta nó earraí eile atá faoi Chaibidil 64 nó 65;
 - ij) scáthanna fearthainne, bataí siúil nó earraí eile atá faoi Chaibidil 66;

- k) na hearraí scríobacha atá faoi cheannteideal 6804 nó 6805 nó Caibidil 82 ina bhfuil deannach nó púdar cloch lómhar nó scothlómhar (nádúrtha nó sintéiseach); na hearraí atá faoi Chaibidil 82 ina bhfuil páirt oibríoch atá déanta as clocha lómhara nó leathlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta); innealra, fearais mheicniúla, nó earraí leictreacha, nó páirteanna díobh, atá faoi Roinn XVI. Mar sin féin, maidir le hearraí, agus páirteanna díobh, atá déanta go hiomlán as clocha lómhara nó scothlómhara (nádúrtha, sintéiseacha nó athdhéanta), leanann siad de bheith aicmithe faoin gcaibidil seo, ach amháin saifí agus diamaint oibríthe neamhfheistithe i gcomhair stíleas (ceannteideal 8522);
- l) na hearraí atá faoi Chaibidilí 90, 91 nó 92 (ionstraimí eolaíochta, cloig agus uaireadóirí, uirlisí ceoil);
- m) airm nó codanna díobh (Caibidil 93);
- n) na hearraí a chumhdaítear i nóta 2 a ghabhann le Caibidil 95;
- o) na hearraí a aicmítear faoi Chaibidil 96 de bhua nóta 4 a ghabhann leis an gcaibidil sin; nó
- p) bundealbha nó bundealbhadóireacht (ceannteideal 9703), earraí bailitheoirí (ceannteideal 9705), seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois (ceannteideal 9706), seachas péarlaí nádúrtha nó saothraithe nó clocha lómhara nó scothlómhara.
4. A) Is é is brí leis an slonn 'miotail lómhar' airgead, ór agus platanam.
- B) Is é is brí leis an slonn 'platanam', platanam, iridiam, oismiam, pallaidiam, róidiam agus ruitéiniam.
- C) Ní chuimsítear leis an slonn 'clocha lómhara nó scothlómhara' aon cheann de na substaintí a shonraítear i nóta 2(b) a ghabhann le Caibidil 96.
5. Chun críocha na caibidle seo, aon chóimhiotail (lena n-áirítear meascán sintéaraithe agus comhdhúile idirmhiotalach) ina bhfuil miotal lómhar, ba cheart glacadh leo mar chóimhiotal miotail lómhair más mó ná 2 % den chóimhiotal, de réir meáchain, aon mhiotal lómhar amháin. Déanfar cóimhiotail mhiotail lómhara a aicmiú de réir na rialacha seo a leanas:
- a) Glacfar le cóimhiotal inar mó ná 2 %, de réir meáchain, an cion platanaim atá ann mar cóimhiotal platanaim.
- b) Maidir le cóimhiotal inar mó ná 2 %, de réir meáchain, an cion óir atá ann, ach nach bhfuil aon phlatanam ann nó cion platanaim níos lú ná 2 %, glacfar leis mar cóimhiotal óir.
- c) Glacfar le cóimhiotail eile inar mó ná 2 %, de réir meáchain, an cion platanaim atá iontu mar chóimhiotail phlatanaim.
6. Ach amháin i gcás ina n-éilítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, maidir le haon tagairt san ainmníocht do mhiotal lómhar nó d'aon mhiotal lómhar faoi leith, cuimsítear inti tagairt do chóimhiotail a nglactar leo mar chóimhiotail de mhiotal lómhar nó den mhiotal lómhar faoi leith i gcomhréir leis na rialacha i nóta 5 thuasluaite, ach ní chuimsítear inti tagairt do mhiotal cumhdaithe le miotal lómhar nó do tháirmhiotal nó do neamh-mhiotail cumhdaithe le miotal lómhar.
7. Ar fud na hainmníochta, is é is brí leis an slonn 'miotail cumhdaithe le miotal lómhar' ábhar a dhéantar as táirmhiotal ar dhromchla amháin nó níos mó ar a ngréamaítear cumhdach miotail lómhair trína shádráil, a phrásáil, a tháthú, a theorolladh nó trí bhíthin modh meicniúil comhchosúil. Ach amháin i gcás ina n-éilítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, cumhdaíonn an slonn chomh maith leis sin táirmhiotal a bhfuil miotal lómhar inleagtha ann.
8. Faoi réir nóta 1(A) a ghabhann le Roinn VI déanfar earraí a thagann faoi thuairisc i gceannteideal 7112 a aicmiú faoin gceannteideal sin agus ní dhéanfar iad a aicmiú faoi aon cheannteideal eile san ainmníocht.
9. Chun críocha cheannteideal 7113, is é is brí leis an slonn 'earraí seodra':
- a) aon mhionréada i gcomhair maisiú pearsanta, (mar shampla, fáinní, bráisléid, muiníní, bróistí, fáinní cluaise, slabhraí uaireadóra, uaireadóirí slabhra, siogarlaí, bioráin carbhait, scoráin muinchille, stodaí gléasta, boinn agus ionchomharthaí cráifeacha); agus

b) earraí i gcomhair úsáid phearsanta de chineál a iompraítear sa phóca, sa mhála láimhe nó ar an gcorp de ghnáth (mar shampla, cásanna todóige nó toitíní, boscaí snaoise, boscaí cachou nó piollairí, boscaí púdair, sparáin slabhra nó clocha paidrín).

Féadfar na hearraí sin a chumasc nó a bhualadh, mar shampla, le péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó scothlómhara, clocha lómhara nó scothlómhara sintéiseacha nó athdhéanta, blaosc toirtíse, néamhann, eabhar, ómra nádúrtha nó athdhéanta, gaing nó coiréal.

10. Chun críocha cheannteideal 7114, cuimsítear leis an slonn 'earraí gaibhne óir nó gaibhne geala' earraí amhail ornáidí, gréithe, earraí leithris, riachtanais caiteoirí tobac agus earraí a úsáidtear sa teach, san oifig nó i ngníomhartha cráifeacha.
11. Chun críocha cheannteideal 7117, ciallaíonn an slonn 'seodra bréige' earraí seodra de réir bhrí mhír (a) de nóta 9 (ach ní chuimsítear ann cnaipí nó earraí eile faoi cheannteideal 9606, cíora feistis, fáisceáin gruaige nó a leithéidí, gabhailíní gruaige, atá faoi cheannteideal 9615), nach bhfuil iontu péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó scothlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta) ná (ach amháin mar phlátáil nó mar mhion-chomhpháirteanna) miotal lómhar nó miotal cumhdaithe le miotal lómhar.

Nótaí fo-cheanteidil

1. Chun críocha fho-cheanteidil 7106 10, 7108 11, 7110 11, 7110 21, 7110 31 agus 7110 41, is é is brí leis na sloinn 'púdar' agus 'i bhfoirm púdair' a dtéann 90 % nó níos mó díobh de réir meáchain trí chriathar ina bhfuil mogallchró níos lú ná 0,5 mm.
2. D'ainneoin fhorálacha nóta caibidle 4(B), chun críocha fho-cheanteidil 7110 11 agus 7110 19, ní chuimsítear leis an slonn 'platanam' iridiam, oismiam, pallaidiam, róidiam agus ruitéiniam.
3. Chun cóimhiotail a aicmiú sna fo-cheanteidil atá faoi cheannteideal 7110, déanfar gach cóimhiotal a aicmiú leis an miotal, platanam, pallaidiam, róidiam, iridiam, oismiam nó ruitéiniam sin ar mó é de réir meáchain ná gach ceann de na miotail eile sin.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	I. PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ PÉARLAÍ SAOTHRAITHE AGUS CLOCHA LÓMHARA NÓ CLOCHA SCOTHLÓMHARA		
7101	Péarlaí nádúrtha nó péarlaí saothraithe, bídis saoirsithe nó ná bíodh, bídis grádaithe nó ná bíodh, ach nach péarlaí ar shreang, péarlaí suite ná péarlaí buailte iad; péarlaí nádúrtha nó péarlaí saothraithe agus iad ar shreang go sealadach i gcomhair a n-iompartha:		
7101 10 00	– Péarlaí nádúrtha	Díolúine	g
	– Péarlaí saothraithe:		
7101 21 00	-- neamhshaoirsithe	Díolúine	g
7101 22 00	-- saoirsithe	Díolúine	g
7102	Diamaint shaoirsithe nó diamaint neamhshaoirsithe, ach nach diamaint atá suite ná buailte iad:		
7102 10 00	– gan scagadh	Díolúine	c/k
	– den chineál tionsclaíoch:		
7102 21 00	-- neamhshaoirsithe nó sáfa, scoilte nó snoite go garbh	Díolúine	c/k
7102 29 00	-- eile	Díolúine	c/k
	– den chineál neamhthionsclaíoch:		
7102 31 00	-- neamhshaoirsithe nó sáfa, scoilte nó snoite go garbh	Díolúine	c/k
7102 39 00	-- eile	Díolúine	c/k

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7103	Cloch lómhara (seachas diamaint) agus clocha scothlómhara, bídis saoirsithe nó neamhshaoirsithe nó grádaithe nó na bíodh ach gan iad curtha ar shreang, gan iad suite ná buailte; clocha lómhara neamhgrádaithe (seachas diamaint) agus clocha scothlómhara, agus iad ar shreang go sealadach i gcomhair a n-iompartha:		
7103 10 00	– neamhshaoirsithe nó sáfa, nó múnlaith go garbh	Díolúine	—
	– saoirsithe ar bhealach eile:		
7103 91 00	-- Rúibíní, saifíirí agus smaragaidí	Díolúine	g
7103 99 00	-- eile	Díolúine	g
7104	Clocha lómhara nó clocha scothlómhara sintéiseacha nó athdhéanta, iad saoirsithe nó neamhshaoirsithe, grádaithe nó neamhgrádaithe ach gan iad curtha ar shreang, agus gan iad suite ná buailte; clocha lómhara nó clocha scothlómhara neamhgrádaithe, sintéiseacha nó athdhéanta, agus iad curtha ar shreang go sealadach i gcomhair a n-iompartha:		
7104 10 00	– Grianchloch phisileictreach	Díolúine	g
	– eile, neamhshaoirsithe, sáfa nó snoite go garbh:		
7104 21 00	-- Diamaint	Díolúine	g
7104 29 00	-- eile	Díolúine	g
	– eile:		
7104 91 00	-- Diamaint	Díolúine	g
7104 99 00	-- eile	Díolúine	g
7105	Deannach agus púdar clocha lómhara agus clocha scothlómhara nádúrtha agus sintéiseacha:		
7105 10 00	– déanta as diamaint	Díolúine	g
7105 90 00	– eile	Díolúine	g
	II. MIOTAIL LÓMHARA AGUS MIOTAIL ATÁ CUMHDAITHE LE MIOTAL LÓMHAR		
7106	Airgead (lena n-áirítear airgead atá plátáilte le hór nó le platanam), é neamhshaoirsithe nó i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, sin nó ina phúdar:		
7106 10 00	– Púdar	Díolúine	g
	– eile:		
7106 91 00	-- neamhshaoirsithe	Díolúine	g
7106 92 00	-- leathmhonaraithe	Díolúine	g
7107 00 00	Táirmhioitail, iad cumhdaithe le hairgead leathmhonaraithe, ach gan aon saoirsiú déanta orthu thairis sin	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7108	Ór (lena n-áirítear ór atá plátáilte le platanam), é neamhshaoirsithe, nó é i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, nó i bhfoirm púdair:		
	– den chineál neamhairgeadaíochta:		
7108 11 00	-- Púdar	Díolúine	g
7108 12 00	-- foirmeacha neamhshaoirsithe eile	Díolúine	g
7108 13	-- foirmeacha leathmhonaraithe eile:		
7108 13 10	--- Barraí, slata, sreang agus ranna; plátaí; leatháin agus stiallacha a bhfuil tiús iontu, seachas aon tacú ar mó é ná 0,15 mm	Díolúine	g
7108 13 80	--- eile	Díolúine	g
7108 20 00	– Airgeadaíocht	Díolúine	g
7109 00 00	Táirmhiotail nó airgead, iad cumhdaithe, gan saoirsiú breise déanta orthu thar an leathmhonarú	Díolúine	—
7110	Platanam, é neamhshaoirsithe nó i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, nó é ina phúdar:		
	– Platanam:		
7110 11 00	-- neamhshaoirsithe nó ina phúdar	Díolúine	g
7110 19	-- eile:		
7110 19 10	--- Barraí, slata, sreang agus ranna; plátaí; leatháin agus stiallacha a bhfuil tiús iontu, seachas aon tacú ar mó é ná 0,15 mm	Díolúine	g
7110 19 80	--- eile	Díolúine	g
	– Pallaidiam:		
7110 21 00	-- neamhshaoirsithe nó ina phúdar	Díolúine	g
7110 29 00	-- eile	Díolúine	g
	– Róidiam:		
7110 31 00	-- neamhshaoirsithe nó ina phúdar	Díolúine	g
7110 39 00	-- eile	Díolúine	g
	– Iridiam, oismiam agus ruitéiniam:		
7110 41 00	-- neamhshaoirsithe nó ina phúdar	Díolúine	g
7110 49 00	-- eile	Díolúine	g
7111 00 00	Táirmhiotail, airgead nó ór, cumhdaithe le platanam, leathmhonaraithe agus gan aon saoirsiú thairis sin	Díolúine	—
7112	Fuíoll agus dramhaíl déanta as miotal lómhar nó as miotal cumhdaithe le miotal lómhar; fuíoll agus dramhaíl eile ina bhfuil miotal lómhar nó comhdhúile de mhiotail lómhara de chineál a úsáidtear go príomha chun miotal lómhar a athghnóthú seachas na hearraí atá faoi cheannteideal 8549:		
7112 30 00	– Luaithreach a bhfuil miotal lómhar ann, sin nó comhdhúile den chineál na miotail lómhair	Díolúine	—
	– eile:		
7112 91 00	-- déanta as ór, lena n-áirítear miotal faoi chumhdach óir, ach scamhach a bhfuil miotail lómhara eile inti a chur as an áireamh	Díolúine	—
7112 92 00	-- déanta as platanam, lena n-áirítear miotal faoi chumhdach platanaim, ach scamhach a bhfuil miotail lómhara eile inti a chur as an áireamh	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7112 99 00	-- eile	Díolúine	—
	III. SEODRA, EARRAÍ GAIBHNE BUÍ AGUS EARRAÍ GAIBHNE GEALA AGUS EARRAÍ EILE		
7113	Earraí seodra agus páirteanna díobh, agus páirteanna de mhíotal lómhar nó de mhíotal atá cumhdaithe le míotal lómhar:		
	– déanta as míotal lómhar, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le míotal lómhar nó ná bíodh:		
7113 11 00	-- déanta as airgead, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le míotal lómhar nó ná bíodh	2,5	g
7113 19 00	-- déanta as míotal lómhar de chineál eile, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le míotal lómhar nó ná bíodh	2,5	g
7113 20 00	– déanta as táirmhíotal agus é cumhdaithe le míotal lómhar	4	—
7114	Earraí gaibhne óir nó gaibhne geala agus codanna díobh, déanta as míotal lómhar nó as míotal cumhdaithe le míotal lómhar:		
	– déanta as míotal lómhar, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le míotal lómhar nó ná bíodh:		
7114 11 00	-- déanta as airgead, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le míotal lómhar nó ná bíodh	2	g
7114 19 00	-- déanta as míotal lómhar de chineál eile, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le míotal lómhar nó ná bíodh	2	g
7114 20 00	– déanta as táirmhíotal agus é cumhdaithe le míotal lómhar	2	—
7115	Earraí eile déanta as míotal lómhar nó as míotal cumhdaithe le míotal lómhar:		
7115 10 00	– Catalaigh i bhfoirm éadaigh sreinge nó greille, agus iad déanta as platanam	Díolúine	—
7115 90 00	– eile	3	—
7116	Earraí déanta as péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta):		
7116 10 00	– déanta as péarlaí nádúrtha nó saothraithe	Díolúine	g
7116 20	– déanta as clocha lómhara nó leathlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta):		
7116 20 11	-- Muiníní, bráisléid agus earraí eile déanta as clocha lómhara nó scothlómhara nádúrtha, curtha go simplí ar shreang gan aon fháiscín ná gabhálás eile	Díolúine	g
7116 20 80	-- eile	2,5	g
7117	Seodra bréige:		
	– déanta as táirmhíotal, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le míotal lómhar nó ná bíodh:		
7117 11 00	-- Scoráin muinchille agus stodaí	4	—
7117 19 00	-- eile	4	—
7117 90 00	– eile	4	—
7118	Boinn:		
7118 10 00	– Boinn (seachas boinn óir), nach airgead dlíthairgthe	Díolúine	g
7118 90 00	– eile	Díolúine	g

ROINN XV

TÁIRMHIOTAIL AGUS EARRAÍ TÁIRMHIOTAIL

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an roinn seo an méid seo a leanas:
 - a) péinteanna ullmhaithe, dúigh nó táirgí eile de bhunús calóg mhíotalach nó púdair (ceannteidil 3207 go 3210, 3212, 3213 nó 3215);
 - b) fearóiceriam nó cóimhiotail phioreafóreacha eile (ceannteideal 3606);
 - c) ceannbheart nó páirteanna de faoi cheannteideal 6506 nó 6507;
 - d) frámaí scáthanna fearthainne nó earraí eile atá faoi cheannteideal 6603;
 - e) earraí faoi Chaibidil 71 (mar shampla, cóimhiotail lómhara, táirmhiotal cumhdaithe le míotal lómhar, seodra bréige);
 - f) earraí atá faoi Roinn XVI (innealra, fearais mheicniúla agus earraí leictreacha);
 - g) rian cóimeáilte iarnróid nó trambhealaigh (ceannteideal 8608) nó earraí eile faoi Roinn XVII (feithiclí, longa agus báid, aerárthaí);
 - h) uirlisí nó gairis faoi Roinn XVIII, lena n-áirítear spriongaí cloig nó uaireadóirí;
 - ij) urchair ghunna luaidhe ullmhaithe le haghaidh armlóin (ceannteideal 9306) nó earraí eile faoi Roinn XIX (airm agus armlón);
 - k) earraí faoi Chaibidil 94 (mar shampla, troscán, tacaí tochta, soilse agus feistis soilsihte, comharthaí soilsihte, foirgnimh réamhdhéanta);
 - l) earraí faoi Chaibidil 95 (mar shampla, bréagáin, cluichí, riachtanais spóirt);
 - m) criathair láimhe, cnaipí, pinn, coinneálaithe pionsailí, goba peann, aonchosaigh, déchosaigh, tríchosaigh agus earraí comhchosúla nó earraí eile faoi Chaibidil 96 (earraí monaraithe ilghnéitheacha); nó
 - n) earraí faoi Chaibidil 97 (mar shampla, saothair ealaíne).
2. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an nath 'páirteanna d'úsáid ghinearálta':
 - a) earraí faoi cheannteideal 7307, 7312, 7315, 7317 nó 7318 agus earraí comhchosúla as táirmhiotal eile, seachas earraí atá saindeartha lena n-úsáid go heisiach in ionchlannáin in eolaíocht an leighis, na máinliachta, na fiacloireachta nó na tréidliachta (ceannteideal 9021);
 - b) spriongaí agus lannóga sprionga, as táirmhiotal, seachas spriongaí cloig nó uaireadóirí (ceannteideal 9114); agus
 - c) earraí faoi cheannteidil 8301, 8302, 8308, 8310 agus frámaí agus scátháin, as táirmhiotal faoi cheannteideal 8306.

I gCaibidlí 73 go 76 agus 78 go 82 (seachas i gceannteideal 7315), ní áirítear le tagairtí do pháirteanna earraí tagairtí do pháirteanna le haghaidh úsáid ghinearálta mar a shainmhínítear thuas.

Faoi réir na míre roimhe agus nóta 1 a ghabhann le Caibidil 83, eisiatar earraí faoi Chaibidil 82 nó faoi Chaibidil 83 ó Chaibidlí 72 go 76 agus 78 go 81.

3. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an nath 'táirmhiotal': iarann agus cruach, copar, nicil, alúmanam, luaidhe, sinc, stán, tungstan (volfram), molaibdéineam, tantalam, maignéisiam, cóbalt, biosmat, caidmiam, tíotáiniam, siorcóiniam, antamón, mangainéis, beirilliam, cróimiam gearmáiniam, vanaidiam, gailliam, haifniam, indiam, niaibiam (colaimbiam), réiniam agus tailliam.
4. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an nath 'ceirméid' táirgí ina bhfuil teaghlaim mhicreascópach ilchineálach de chomhpháirt mhiotal agus de chomhpháirt cheirmeach. Áirítear leis an téarma 'ceirméid' cairbídí miotal sintéaraithe (cairbídí miotal arna sintéarú le miotal).
5. Aicmiú cóimhiotal (seachas fearó-chóimhiotal agus príomh-chóimhiotal mar a shainmhínítear i gCaibidlí 72 agus 74):
 - a) Aicmeofar cóimhiotal de tháirmhiotal mar chóimhiotal den mhiotal is troime de réir meáchain as measc na miotal uile eile.
 - b) Maidir le cóimhiotal atá comhdhéanta de tháirmhiotal faoin roinn seo agus d'eilimintí nach bhfuil faoin roinn seo, déileálfar leis mar chóimhiotal de na táirmhiotal faoin roinn seo más amhlaidh gurb ionann meáchan iomlán na miotal sin agus meáchan iomlán na n-eilimintí eile atá i láthair, nó más mó ná meáchan iomlán na miotal sin ná meáchan iomlán na n-eilimintí eile sin.
 - c) Sa roinn seo, áirítear leis an téarma 'cóimhiotal' meascáin sintéaraithe de phúdair mhiotal agus de dhlúthmheascáin ilchineálacha a fhaightear le hábhar a leá (seachas ceirméid) agus le comhdhúile idirmhiotalacha.
6. Ach amháin sa chás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, áirítear le haon tagairt san ainmníocht a ghabhann le táirmhiotal tagairt do chóimhiotal a aicmeofar, de bhua nóta 5 thuas, mar chóimhiotal den mhiotal sin.
7. Aicmiú earraí ilchodacha:

Seachas sa chás ina gceanglaítear a mhalairt leis na ceannteidil, déileálfar le hearraí táirmhiotal (lena n-áirítear earraí ábhar measctha a ndéileáiltear leo mar earraí táirmhiotal faoi na rialacha léirmhíthe ginearálta) ina bhfuil dhá tháirmhiotal nó níos mó mar earraí an táirmhiotalis troime de réir meáchain thar gach ceann de na miotal eile.

Chun na críche seo:

- a) Meastar iarann agus cruach, nó cineálacha difriúla iarrainn nó cruach, a bheith mar aon mhiotal amháin.
 - b) Meastar gurb é atá i gcomhiotal an miotal sin amháin dá n-aicmítear, de bhua nóta 5, mar chóimhiotal é.
 - c) Meastar ceirméad faoi cheannteideal 8113 mar tháirmhiotal aonair.
8. Sa roinn seo, tá an bhrí a shanntar dóibh leis seo ag na nathanna seo a leanas:
- a) Dramh agus iarmhar
 - 1) gach dramhaíl agus fuíoll miotal;
 - 2) earraí miotal is cinnte nach féidir a n-úsáid mar earraí miotal de dheasca a mbriste, a ngearrtha ina bpíosaí nó a gcaite nó de dheasca cúiseanna eile.
 - b) Púdair

Táirgí a dtéann 90 % nó níos mó de réir meáchain trí chriathar ag a bhfuil cró mogail 1 mm.
9. Chun críocha Chaibidlí 74 go 76 agus 78 go 81, tá an bhrí a shanntar dóibh leis seo ag na nathanna seo a leanas:
- a) Barraí agus slata

Táirgí rollta, easbhrúite, tarraingthe nó gaibhnithe gan iad ina gcornaí, ar trasghearradh daingean aonfhoirmeach ó cheann go ceann i gcruth ciorcal, ubhchruthanna, dronuilleog (lena n-áirítear cearnóga), triantán comhshleasach nó polagán dronnach rialta (lena n-áirítear 'ciorcail chothroma' agus 'dronuilleoga modhnaithe', gur stuanna dronnacha dhá thaobh díobh atá ar aghaidh a chéile, agus an dá thaobh eile díreach agus ar aon fhad le chéile agus comhthreomhar). Maidir le táirgí a bhfuil trasghearradh

dronuilleogach (lena n-áirítear trasghearradh cearnógach), triantánach nó polagánach acu, féadfaidh cúinní cruinne a bheith orthu ó cheann go ceann. Tiús na dtáirgí sin a bhfuil trasghearradh dronuilleogach (lena n-áirítear trasghearradh ‘dronuilleogach modhnaithe’) acu, rachaidh sé thar an deichiú cuid den leithead atá iontu. Cumhdaítear leis an slonn chomh maith táirgí teilgthe nó táirgí sintéaraithe atá ar aon fhoirm agus ar an tomhas le chéile, a ndearnadh saoirsiú orthu i ndiaidh a dtáirgthe (seachas an bearradh simplí nó an dísclú simplí), ar choinníoll nach bhfuil buntréithe na n-earraí nó na dtáirgí faoi cheannteidil eile acu dá bharr sin.

Barraí sreinge agus billéid as Caibidil 74 a bhfuil an bun caolaithe orthu nó saoirsiú déanta orthu go simplí ar bhealach eile ionas gur fusa a gcur isteach i meaisíní lena dtiontú ina slata sreinge mar shampla, is leis an gcompar neamhshaoirsithe atá faoi cheannteideal 7403 a rangáitear iad sin. Is infheidhme an fhoráil sin *mutatis mutandis* maidir leis na táirgí faoi Chaibidil 81.

b) Próifílí

Táirgí rollta, easbhrúite, tarraingthe, gaibhnithe nó múnlaith, iad corntha nó a mhalairt, ar trasghearradh aonfhoirmeach ó cheann go ceann, agus gan iad de réir an tsainmhíneithe atá ar bharraí agus slata, sreang agus plátaí, leatháin agus stiallacha, scragall agus feadáin nó píobáin. Cumhdaítear leis an slonn chomh maith táirgí CAST freisin nó táirgí sintéaraithe atá sna foirmeacha céanna a ndearnadh a saoirsiú i ndiaidh a dtáirgthe (seachas an bearradh simplí nó an dísclú simplí), ar choinníoll nach bhfuil feidhm acu dá bharr sin ar bhuntréithe na n-earraí nó na dtáirgí faoi cheannteidil eile.

c) Sreang

Táirgí rollta, easbhrúite nó tarraingthe, agus iad ina gcornaí, ar trasghearradh daingean aonfhoirmeach ó cheann go ceann i gcruth ciorcal, ubhchruthanna, dronuilleog (lena n-áirítear cearnóga), triantán comhshleasach nó polagán dronnach rialta (lena n-áirítear ‘ciorcail chothroma’ agus ‘dronuilleoga modhnaithe’, gur stuanna dronnacha dhá thaobh díobh atá ar aghaidh a chéile, agus an dá thaobh eile díreach agus ar aon fhad le chéile agus comhthreomhar). Maidir le táirgí a bhfuil trasghearradh dronuilleogach (lena n-áirítear trasghearradh cearnógach), triantánach nó polagánach acu, féadfaidh cúinní cruinne a bheith orthu ó cheann go ceann. Tiús na dtáirgí sin a bhfuil trasghearradh dronuilleogach (lena n-áirítear trasghearradh ‘dronuilleogach modhnaithe’) acu, rachaidh sé thar an deichiú cuid den leithead atá iontu.

d) Plátaí, leatháin, stiallacha agus scragall

Táirgí a bhfuil dromchla comhréidh orthu (seachas na táirgí neamhshaoirsithe), iad corntha nó a mhalairt, an trasghearradh iontu ina dhronuilleog soladach (ach ní ina chearnóg), bíodh cúinní cruinne air nó ná bíodh, (lena n-áirítear “dronuilleoga modhnaithe” gur dhá áirse dhronnacha an dá thaobh eile díobh atá ar aghaidh a chéile, an dá thaobh eile agus iad díreach, iad ar aon fhad le chéile agus iad ar tiús aonfhoirmeach), atá:

— ar cruth dronuilleogach (lena n-áirítear cearnógach) agus tiús iontu nach mó ná an deichiú cuid dá leithead

— ar cruth seachas dronuilleogach ná cearnógach, ar aon mhéid, ar choinníoll nach bhfuil buntréithe na n-earraí nó na dtáirgí faoi cheannteidil eile acu dá bharr sin.

Is infheidhme ceannteidil maidir le plátaí, leatháin, stiall, agus scragall, *inter alia*, maidir le plátaí, leatháin, stiall, agus scragall ar a bhfuil pátrúin, (mar shampla eitrí, easnacha, dathanna breaca, deora, cnaipí, losainní), agus maidir le táirgí a bheidh tollta, rocach, snasta nó brataithe, ar choinníoll nach mbeidh buntréithe na n-earraí nó na dtáirgí faoi cheannteidil eile acu dá bharr sin.

e) Feadáin agus píobáin

Táirgí toll, bíodh siad corntha nó ná bíodh, ar trasghearradh aonfhoirmeach, gan iontu ó cheann go ceann ach aon fholús iata amháin i gcruth ciorcal, ubhchruthanna, dronuilleog (lena n-áirítear cearnóga), triantán comhshleasach nó polagán dronnach rialta, agus tiús aonfhoirmeach sna ballaí iontu. Maidir le táirgí ar trasghearradh dronuilleogach (cearnógach san áireamh), nó triantánach comhshleasach nó ar trasghearradh polagánach rialta dronnach, a bhféadfaidh cúinní cruinne a bheith orthu ó cheann go ceann, measfar ina bhfeadáin agus ina píopáí iad freisin ar choinníoll gur ciorcail chomhlárnacha atá sa trasghearradh istigh agus sa trasghearradh amuigh agus iad ar aon fhoirm agus ar aon chlaonadh le chéile. Maidir le feadáin agus píobáin a bhfuil an trasghearradh sin thuas iontu, féadfaidh snas a bheith orthu, féadfaidh siad a bheith brataithe, lúbtha, snáithithe, druileáilte, bástaithe, leata, ar cruth cóin nó feistithe le feirí, le coiléir nó le fáinní.

CAIBIDIL 72

IARANN AGUS CRUACH

Nótaí

1. Sa chaibidil seo agus, i gcás nótaí (d), (e) agus (f) ar fud na hainmníochta, tá na bríonna a shanntar dóibh leis seo ag na téarmaí seo a leanas:

a) Muciarann

Cóimhiotail iarainn-charbóin nach mbíonn intuargainte ar dhóigh áisiúil, ina bhfuil, de réir meáchain, níos mó ná 2 % de charbón agus ina bhfuil, de réir meáchain, dúil amháin eile nó níos mó ná sin laistigh de na teorainneacha a leanas:

- cion nach mó ná 10 % de chróimiam,
- cion nach mó ná 6 % de mhangainéis,
- cion nach mó ná 3 % d'fhosfar,
- cion nach mó ná 8 % de shileacan,
- méid iomlán nach mó ná 10 % de dhúile eile.

b) Spiegeleisen

Coimhiotail iarainn-charbóin ina bhfuil, de réir meáchain, níos mó ná 6 % de mhangainéis, gan a bheith níos mó ná 30 %, agus a thagann, seachas sin, leis an tsonraíocht ag (a) thuas.

c) Fearó-chóimhiotail

Cóimhiotail ina muc-bharraí, ina mbloic, ina gcnapanna nó ina bhfoirmeacha príomhúla comhchosúla eile, ina bhfoirmeacha arna mbaint amach trí theilgean leanúnach agus ina bhfoirmeacha gráinníní nó púdair, bídís ceirtleánaithe nó ná bídís, cóimhiotail a úsáidtear i gcoitinne mar bhreiseán chun cóimhiotail eile a mhonarú nó mar dhí-ocsaídeoirí, mar oibreáin dhíshulfaraithe nó le haghaidh úsáidí comhchosúla i miotalóireacht fheiriúil, ach gan iad a bheith intuargainte ar dhóigh áisiúil, ina bhfuil, de réir meáchain, 4 % nó níos mó den dúil iarainn mar aon le haon cheann nó níos mó den mhéid a leanas:

- cion nach mó ná 10 % de chróimiam,
- cion nach mó ná 30 % de mhangainéis,
- cion nach mó ná 3 % d'fhosfar,
- cion nach mó ná 8 % de shileacan,
- méid iomlán nach mó ná 10 % de dhúile eile, gan charbón san áireamh, faoi réir ag uasmhéid 10 % i gcás copair.

d) Cruach

Ábhair fheiriúla seachas na cinn atá faoi cheannnteideal 7203 atá intuargainte ar dhóigh áisiúil (seachas i gcás cineálacha áirithe arna dtáirgeadh i bhfoirm teilgean) agus ina bhfuil, de réir meáchain, 2 % carbón nó níos lú. Féadfaidh cionta níos airde carbóin, áfach, bheith ann i gcruacha cróimiam.

e) Cruach dhomheirgthe

Cruacha cóimhiotail ina bhfuil, de réir meáchain, 1,2 % nó níos lú de charbón agus 10,5 % nó níos mó de chróimiam, bíodh dúile eile ann nó ná bíodh.

f) Cruach chóimhiotail eile

Cruacha nach gcomhlíonann sainmhíniú na cruacha domheirgthe agus ina bhfuil, de réir meáchain, aon dúil amháin nó níos mó ná sin de na dúile a leanas de réir na gcion a léirítear:

- 0,3 % alúmanam nó níos mó ná sin,
- 0,0008 % bórón nó níos mó ná sin,
- 0,3 % cróimiam nó níos mó ná sin,
- 0,3 % cóbalt nó níos mó ná sin,
- 0,4 % copar nó níos mó ná sin,
- 0,4 % luaidhe nó níos mó ná sin,
- 1,65 % mangainéis nó níos mó ná sin,
- 0,08 % molaibdéineam nó níos mó ná sin,
- 0,3 % nicil nó níos mó ná sin,
- 0,06 % niaibiam nó níos mó ná sin,
- 0,6 % sileacan nó níos mó ná sin,
- 0,05 % tíotáiniam nó níos mó ná sin,
- 0,3 % tungstan nó níos mó ná sin (volfram),
- 0,1 % vanaidiam nó níos mó ná sin,
- 0,05 % siorcóiniam nó níos mó ná sin,
- 0,1 % nó níos mó de dhúile eile (seachas sulfar, fosfar, carbón agus nítrigin), arna ríomh go leithleach.

g) Athleá ar dhramhuingí iarainn agus cruach

Táirgí arna dteilgean go garbh i bhfoirm uingí gan cnogaí ardúigh ná claibíní teo, ná muc-bharraí, a bhfuil fabhtanna dromchla follasacha orthu gan a bheith ag cloí le comhdhéanamh ceimiceach muciarainn, spiegeleisen ná fearó-chóimhiotail.

h) Gráinníní

Táirgí a dtéann níos lú, de réir meáchain, ná 90 % díobh trí chriathar ag a bhfuil cró mogaill 1 mm ach a dtéann 90 % nó níos mó díobh, de réir meáchain, trí chriathar ag a bhfuil cró mogaill 5 mm.

ij) Táirgí leathchríochnaithe

Táirgí teilgthe leanúnacha ag a bhfuil cónasc daingean, bídis teo-rollta nó ná bídis; agus táirgí eile ag a bhfuil cónasc daingean, ar a ndearnadh teo-rolladh príomhúil nó a fágadh i gcruth garbh i ndiaidh a ngaibhnithe, lena n-áirítear criotáin le haghaidh uillineacha, cruthanna nó cónasc, agus gan aon saoirsiú thairis sin déanta orthu.

Ní chuirtear na táirgí seo i láthair ina gcoraí.

k) Táirgí a ndearnadh rolladh cothrom orthu

Táirgí rollta ag a bhfuil tras-ghearradh dronuilleogach (ní cearnógach) soladach, nach gcloíonn leis an sainmhíniú ag (ij) thuas i bhfoirm:

— cornaí sraitheanna arna bhforleagan ar bharr a chéile, nó

— faid dhíreacha, ar leithead, más lú ná 4,75 mm an tiús, 10 n-oiread ar a laghad an tiús sin nó más 4,75 mm an tiús nó níos mó, iad ar leithead níos mó ná 150 mm agus an leithead sin cothrom le dhá oiread an tiús ar a laghad.

Áirítear ar na táirgí a ndearnadh rolladh cothrom orthu na cinn a bhfuil patrúin rilífe orthu arna ndíorthú go díreach de dheasca an rollta (mar shampla; eitrí, easnacha, patrúin sheiceara, deora, muileataí) agus na cinn atá bréifnithe, roctha nó snasta, ar an gcoinníoll nach bhfuil orthu de dheasca sin tréithe earraí ná táirgí faoi cheannteidil eile dá réir.

Is ceart táirgí a ndearnadh rolladh cothrom orthu in aon chruth seachas cruth dronuilleogach ná cearnógach, beag beann ar a méid, a aicmiú mar tháirgí dar leithead 600 mm nó níos mó, ar an gcoinníoll nach orthu tréithe earraí ná táirgí faoi cheannteidil eile.

l) Barraí agus slata, iad teo-rollta, iad ina gcornaí atá corntha go mírialta

